# RIALACHÁN (AE) 2016/1628 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 14 Meán Fómhair 2016**

**maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Cuimsíonn an margadh inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina gcaithfear saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú. Chun na críche sin bunaíodh bearta le truailliú aeir ó innill atá le suiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é le Treoir 97/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Is iomchuí iarrachtaí a dhéanamh margadh inmheánach an Aontais a fhorbairt agus a oibriú.

(2) Ba cheart don mhargadh inmheánach a bheith bunaithe ar rialacha trédhearcacha simplí comhleanúnacha lena gcuirtear deimhneacht agus soiléire dhlíthiúil ar fáil ar féidir le gnólachtaí agus tomhaltóirí araon tairbhe a bhaint astu.

(3) Tá cur chuige nua rialála tugtha isteach maidir le reachtaíocht an Aontais i dtaca le cineálcheadú innill, arb é is aidhm leis, glacadh reachtaíocht den sórt sin a shimpliú agus a bhrostú. De bhun an chur chuige sin, leagann an reachtóir amach rialacha agus prionsabail bhunúsacha agus tugann sé de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le sonraí teicniúla eile. Dá bhrí sin, maidir le ceanglais shubstaintiúla, níor cheart a leagan síos sa Rialachán seo ach forálacha fíor-riachtanacha maidir le hastaíochtaí ó thruailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus maidir le cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, agus ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún leis an Rialachán seo sonraíochtaí teicniúla a leagan síos i ngníomhartha tarmligthe agus i ngníomhartha cur chun feidhme.

(4) Tá creat rialála bunaithe le Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta. Mar gheall ar an gcosúlacht idir na réimsí agus an taithí dhearfach a fuarthas as Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 a chur i bhfeidhm, ba cheart cuid mhaith de na cearta agus na hoibleagáidí a bunaíodh leis an Rialachán sin a chur san áireamh maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Is gá tacar rialacha ar leithligh a ghlacadh, áfach, le ceanglais shonracha na n-inneall le haghaidh innealra nach innealra bóthair é a chur san áireamh.

---

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Feabhra 2015 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2016 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 18 Iúil 2016.

([3]) Treoir 97/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1997 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta atá le glacadh in aghaidh astaíocht truailleán gásach agus cáithníneach ó innill dócháin inmheánaigh atá le suiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (IO L 59 27.2.1998, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1).

(5) I dTreoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), leagtar síos na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta i ndáil le dearadh agus monarú d'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht innealra a chuirtear ar an margadh. Mar sin féin, ní leagtar síos sa Treoir sin ceanglais maidir le hastaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach le haghaidh inneall atá suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Ba cheart, dá bhrí sin, oibleagáidí shonracha áirithe le haghaidh monaróirí innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a leagan síos lena áirithiú go ndéantar innill a shuiteáil in innealra den sórt sin ar bhealach nach ndéanfaidh dochar d'fheidhmíocht an innill i dtaca le hastaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach. Tá gá freisin le hoibleagáidí áirithe a bhaineann le gnéithe de na teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha ó innill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair, d'fhonn éifeachtacht na dteorainneacha astaíochtaí le haghaidh inneall, a leagtar síos sa Rialachán seo, a áirithiú.

(6) Ba cheart ceanglais shubstaintiúla a bheith sa Rialachán seo a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí agus nósanna imeachta cineálcheadaithe AE maidir le hinnill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Tá príomhghnéithe na gceanglas ábhartha den Rialachán seo bunaithe ar thorthaí mheasúnú tionchair an 20 Samhain 2013 a rinne an Coimisiún agus ina ndearnadh anailís ar roghanna éagsúla trí liosta a dhéanamh de na buntáistí agus míbhuntáistí ionchasacha ó thaobh éifeachtaí eacnamaíocha, comhshaoil, agus gnéithe sábháilteachta agus sochaíocha agus ó thaobh éifeachtaí sláinte. Cuireadh idir ghnéithe cáilíochtúla agus ghnéithe cainníochtúla san áireamh san anailís sin.

(7) D'fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart leis an Rialachán seo, rialacha comhchuibhithe maidir le cineálcheadú AE i dtaca le hinnill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a leagan síos. Chun na críche sin, ba cheart teorainneacha nua astaíochtaí a bhunú, agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm maidir le hinnill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus le hinnealra talmhaíochta agus foraoiseachta freisin, leis an dul chun cinn teicneolaíochta a léiriú agus le cóineasú le beartais an Aontais in earnáil an innealra bóthair a áirithiú. Ba cheart na teorainneacha nua astaíochtaí sin a bhunú d'fhonn spriocanna an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach agus astaíochtaí ó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus ó fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta a laghdú, a mbeadh rud a laghdódh ar sciar na n-astaíochtaí a thagann as innealra i gcomparáid le hastaíochtaí feithiclí bóthair. Dá réir sin, ba cheart raon feidhme reachtaíocht an Aontais sa réimse sin a leathnú, d'fhonn comhchuibhiú margaidh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a fheabhsú agus an riosca go ndéanfaí saobhadh ar an margadh agus éifeachtaí díobhálacha sláinte ann a íoslaghdú.

(8) Sa bhreis ar raon feidhme reachtaíocht an Aontais i réimse an chomhchuibhithe margaidh a leathnú, agus an riosca go ndéanfaí saobhadh ar an margadh a íoslaghdú ag an am céanna, is é is aidhm don Rialachán seo an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair a shimpliú, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh le haghaidh bearta chun nósanna imeachta riaracháin a shimpliú, agus na coinníollacha ginearálta maidir le forfheidhmiú reachtaíocht den sórt sin a fheabhsú, go háirithe trí na rialacha maidir le faireachán margaidh a neartú.

(9) I bPáipéar Bán ón gCoimisiún an 28 Márta 2011, dar teideal "Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair — I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní", leagtar béim ar an ról ar leith a bheidh ag iarnróid agus ag uiscebhealaí intíre chun spriocanna aeráide a bhaint amach. Mar gheall ar an gcomparáid neamhfhabhrach a dhéantar idir an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na modhanna iompair sin ó thaobh cáilíocht an aeir a fheabhsú agus an dul chinn atá á dhéanamh ag earnálacha eile, ba cheart don Choimisiún agus d'údaráis na mBallstát, laistigh de na réimsí freagrachta atá acu faoi seach, bealaí éagsúla a sholáthar chun tacú le nuálaíocht i dteicneolaíocht na n-astaíochtaí ionas go gcuirfear feabhas ar cháilíocht an aeir san Eoraip an tráth céanna agus a dhéanfar an méid lasta a aistreofar chuig an iarnróid agus chuig uiscebhealaí intíre a mhéadú go leanúnach.

(10) Ba cheart do na ceanglais maidir le hinnill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é cloí leis na prionsabail a leagadh síos i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2002 dar teideal "Plean Gníomhaíochta: 'An timpeallacht rialála a shimpliú agus a fheabhsú'".

(11) I Seachtú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil Ginearálta an Aontais a glacadh le Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) meabhraítear gur aontaigh an tAontas cáilíocht aeir a bhaint amach ar leibhéal nach mbeadh tionchair shuntasacha diúltacha aige ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol agus nach gcuirfeadh sláinte an duine ná an comhshaol i mbaol. Le reachtaíocht an Aontais, bunaíodh

([1]) Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24)

([2]) Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le Clár Gníomhaíochta Comhshaoil Ginearálta an Aontais go dtí 2020 "Beo beathach, laistigh de theorainneacha ár bpláinéid" (IO L 354, 28.12.2013, lch. 171).

teorainneacha iomchuí astaíochtaí maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ar mhaithe le sláinte an duine, agus le daoine leochaileacha go háirithe, a chosaint, agus maidir le huasteorainneacha náisiúnta astaíochtaí freisin ([1]). Tar éis na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2001, lenar bunaíodh an clár Aer Glan don Eoraip (CAFE) an 21 Meán Fómhair 2005, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht eile dar teideal "An Straitéis théamúil maidir le truailliú aeir". Ceann de chonclúidí na straitéise téamúla sin is ea go bhfuil gá le laghduithe eile ar astaíochtaí ón earnáil iompair (iompar aeir, muirí agus talún), ó theaghlaigh agus ó na hearnálacha fuinnimh, talmhaíochta agus tionsclaíochta le cuspóirí an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tabhairt faoi astaíochtaí a laghdú ó innill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é mar chuid den straitéis fhoriomlán. Tá na teorainneacha astaíochtaí nua, dá ngairtear "Céim V" ar cheann de na bearta atá ceaptha astaíochtaí atá in úsáid reatha ó thruailleáin aeir, amhail truailleáin cháithníneacha, chomh maith le réamhtheachtaithe ózóin amhail ocsaídí nítrigine ($NO_x$) agus hidreacarbóin a laghdú.

(12) An 12 Meitheamh 2012, rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, trína Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse, athaicmiú ar an sceitheadh astaíochtaí ó innill díosail mar "carcanaigineach don duine" (Grúpa 1), bunaithe ar fhianaise leordhóthanach go méadaítear an riosca ailse scamhóg a tholgadh i gcás nochtadh.

(13) Caithfear iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh astaíochtaí ó innill de chineálacha éagsúla a laghdú chun go dtiocfadh feabhas ar cháilíocht an aeir agus chun go mbainfí amach cuspóirí an Aontais i dtaca le cosaint an aeir ar bhonn inbhuanaithe idir seo agus 2020, agus níos faide anonn ná an dáta sin. Ar an gcúis sin, ba cheart faisnéis shoiléir chuimsitheach a sholáthar do mhonaróirí faoi na teorainnluachanna astaíochtaí a bheidh ann amach anseo agus ba cheart tréimhse ama iomchuí a thabhairt dóibh roimh ré chun iad a chomhlíonadh agus na forbairtí teicniúla riachtanacha a dhéanamh.

(14) Nuair a bhíonn teorainneacha astaíochtaí á socrú, tá sé tábhachtach a chur san áireamh na himpleachtaí a bheidh acu d'iomaíochas na margaí agus na monaróirí, na costais dhíreacha agus indíreacha a leagfar ar ghnólachtaí agus an tairbhe ó thaobh an nuáil a spreagadh, cáilíocht an aeir a fheabhsú, costais sláinte a laghdú agus ionchas saoil a mhéadú.

(15) Chun astaíochtaí ó innill a laghdú ar bhealach inbhuanaithe, caithfear dlús leanúnach a chur ar an gcomhar díreach idir monaróirí agus gnólachtaí gaolmhara, ar an taobh amháin, agus institiúidí seanbhunaithe taighde eolaíoch, ar an taobh eile. Tá tábhacht ar leith ag baint le comhar den sórt sin maidir le táirgí agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt a rannchuidíonn le feabhsú cháilíocht an aeir ar bhealach dearfach.

(16) Maidir le hastaíochtaí ó innill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ina gcion suntasach d'iomlán na n-astaíochtaí de dhéantús an duine ó thruailleáin atmaisféaracha díobhálacha áirithe. Ba cheart innill atá freagrach as sciar mór den truailliú aeir de dheasca $NO_x$ agus ábhair cháithnínigh a bheith faoi réir na dteorainneacha astaíochtaí nua.

(17) D'fhonn barrleibhéal cosanta a ráthú do dhaoine atá ag obair gaobhardach d'innealra, agus chun gurb ísle agus is féidir a choimeádfar nochtadh carnach na ndaoine sin atá ag obair gaobhardach d'ítimí éagsúla innealra shoghluaiste agus trealamh shoghluaiste, ba cheart an teicneolaíocht atá ar fáil faoi láthair a úsáid chun astaíochtaí a íoslaghdú.

(18) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar astaíochtaí atá neamhrialaithe, go fóill, agus a eascraíonn as foirmlithe nua breosla, teicneolaíocht innill agus córais rialaithe astaíochtaí a úsáid ar bhealach níos leithne. Nuair is gá, ba cheart don Choimisiún togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle d'fhonn astaíochtaí den sórt sin a rialáil.

(19) Is gá úsáid innill breosla mhalartaigh a spreagadh a mbeadh astaíochtaí truailleán ísle $NO_x$ agus cáithníneacha acu. Dá bhrí sin, ba cheart teorainnluachanna do na hidreacarbóin iomlána a oiriúnú le hidreacarbóin neamhmheatáin agus astaíochtaí meatáin a chur san áireamh.

(20) Ní dochar an Rialachán seo do na Ballstáit a bheith i dteideal na ceanglais, a mheasfaidís a bheith riachtanach chun a áirithiú go ndéanfar an phobal agus oibrithe a chosaint nuair atá innealra soghluaiste nach innealra bóthair é dá dtagraítear sa Rialachán seo in úsáid, a leagan síos, i gcomhlíonadh na gConarthaí, ar choinníoll nach ndéanfar difear le ceanglais den sórt sin d'innealra den sórt sin a chur ar an margadh.

([1]) Cinneadh Uimh. 1600/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2002 lena leagtar síos an Séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil de chuid an Chomhphobail (IO L 242, 10.9.2002, lch. 1); Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

(21) Chun a áirithiú go mbeidh astaíochtaí ó thruailleáin cháithníneacha sármhíne (méid 0.1 μm agus faoina bhun) a rialáil, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún cur chuige líonbhunaithe a ghlacadh maidir le hastaíochtaí ó thruailleáin cháithníneacha, de bhreis ar an gcur chuige maisbhunaithe atá in úsáid faoi láthair. Ba cheart an cur chuige líonbhunaithe a bheith bunaithe ar thorthaí Chlár Tomhais Cháithnínigh Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) agus ba cheart dó a bheith i gcomhréir leis na cuspóirí uaillmhianacha atá ann cheana don chomhshaol.

(22) Chun na cuspóirí comhshaoil sin a bhaint amach, is iomchuí go léireoidh na teorainneacha ar líon na gcáithníní a leagtar síos sa Rialachán seo na leibhéil is airde feidhmíochta a bhaintear amach faoi láthair le scagairí cáithníní trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil.

(23) I bhfianaise na saolré fada a ghabhann le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é, is iomchuí machnamh a dhéanamh ar innill atá i seirbhís cheana a iarfheistiú. Le hiarfheistiú den sórt sin, ba cheart díriú ar cheantair uirbeacha dhlúthdhaonra go háirithe mar mhodh chun cuidiú leis na Ballstáit reachtaíocht an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a chomhlíonadh. Chun a áirithiú gurb inchomparáide agus gurb uaillmhianach é leibhéal an iarfheistithe, ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt ar phrionsabail Rialachán UNECE Uimh. 132.

(24) I gcás inarb iomchuí agus i gcás ina bhfuil teicneolaíochtaí idirnasctha, ba cheart sineirgí a aimsiú idir an laghdú ar astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach ó innill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus teorainneacha mar a chuirtear i bhfeidhm iad i bhfeithiclí tromshaothair (FTSanna). Le gníomhaíocht den sórt sin, d'fhéadfaí barainneachtaí scála agus cáilíocht an aeir a fheabhsú.

(25) Ba cheart don Choimisiún timthriallta comhchuibhithe domhanda tástála a ghlacadh sna nósanna imeachta tástála atá mar bhonn do rialacháin maidir le cineálcheadú AE i ndáil le hastaíochtaí. Ba cheart cur i bhfeidhm córas iniompartha um tomhas astaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí atá in úsáid iarbhír a mheas freisin.

(26) Chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí atá in úsáid iarbhír agus an próiseas comhréireachta inseirbhíse a ullmhú, ba cheart modheolaíocht tástála le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas feidhmíochta astaíochtaí atá bunaithe ar úsáid córas iniompartha um tomhas astaíochtaí a ghlacadh laistigh de thréimhse ama iomchuí.

(27) Tá feidhmiú ceart an chórais iarchóireála sceite, go sonrach i gcás, $NO_x$ riachtanach leis na teorainneacha bunaithe d'astaíochtaí truailleán a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh oibriú ceart na gcóras iarchóireála sceite a áirithiú, ar córais iad a bhraitheann ar úsáid meán intomhalta ar bith nó imoibrí neamh-in-aisghabhála ar bith.

(28) Bíonn caidéil chomhraicthe dóiteáin iniompartha ríthábhachtach i gcásanna áirithe éigeandála nuair nach bhfuil fáil ar sholáthar uisce clasaithe. Dá suiteálfaí córais iarchóireála sceite in innill le haghaidh innealra den sórt sin, chuirfeadh sé le meáchan agus le teochtaí oibríochta an innealra a oiread sin go mbeadh sé contúirteach don oibreoir, áfach, agus nach bhféadfaí iad a iompar de láimh. Dá bhrí sin, ba cheart caidéil chomhraicthe dóiteáin iniompartha a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(29) Maidir le modhnuithe ar inneall amhail a chóras iarchóireála sceite a dhíghníomhachtú, nó a chumhacht a mhéadú, d'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha acu ar fheidhmíocht astaíochtaí agus ar mharthanacht an innill. Dá bhrí sin, ba cheart do na daoine dlítheanacha, a bhfuil leasuithe den sórt sin á gcur i gcrích acu, a bheith freagrach as a áirithiú go n-urramófar na teorainneacha astaíochtaí is infheidhme.

(30) Innill a chumhdaítear leis na rialacha nua maidir le teorainneacha astaíochtaí agus nósanna imeachta cineálcheadaithe AE a leagtar síos faoin Rialachán agus a chumhdaítear leis na rialacha sin, ba cheart go gceadófaí iad a chur ar an margadh sna Ballstáit. Níor cheart innill den sórt sin a bheith faoi réir aon cheanglas náisiúnta eile maidir le hastaíochtaí i ndáil lena gcur ar an margadh. Ba cheart nár dhochar é sin do cheart na mBallstát úsáid inneall a spreagadh nó a shrianadh, ar innill iad a cuireadh ar an margadh cheana, ar choinníoll nach mbeidh na critéir a chuirfear i bhfeidhm idirdhealaitheach agus go mbeidh bonn cirt oibiachtúil leis na critéir sin. Na Ballstáit a thugann cineálcheaduithe AE, ba cheart dóibh bearta fíoraithe a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir na hinnill a tháirgfear faoi nósanna imeachta chineálcheadaithe AE a shainaithint.

(31) Innill atá le honnmhairiú nó le húsáid ag na fórsaí armtha, níor cheart iad a bheith faoi réir na dteorainneacha astaíochtaí a leagtar síos sa Rialachán seo. Mar sin féin, d'fhonn innill den sórt sin a idirdhealú ó innill atá faoi réir na dteorainneacha astaíochtaí, ba cheart go mbeadh marcálacha riachtanach i gcásanna áirithe.

(32) D'fhonn na srianta maidir le soláthar lóistíochta a chur san áireamh agus chun deis a thabhairt do shreabhtháirgeadh "díreach in am", agus chun costais agus ualach riaracháin neamhriachtanach a sheachaint, ba cheart cead a thabhairt do mhonaróir, le toiliú an Mhonaróra Trealaimh Bunaidh ("OEM"), inneall a sheachadadh go leithleach óna chóras iarchóireála sceite).

(33) Bíonn roinnt innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ag feidhmiú faoi dhianchoinníollacha lena mbaineann rioscaí don bheatha nó don tsláinte, nó bíonn sé faoi réir ceanglais theicniúla atá dúshlánach go maith. I bhfianaise na n-imthosca áirithe sin, agus i ngeall ar an líon beag inneall le haghaidh innealra soghluaiste den sórt sin nach innealra bóthair é, ba cheart foráil do dhíolúintí áirithe ó na ceanglais i dtaca le teorainneacha astaíochtaí a leagtar síos sa Rialachán seo a thabhairt i leith innill atá le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach agus i bhfeithiclí láinseála bád tarrthála.

(34) Chun gníomhaíochtaí tástála allamuigh a dhéanann monaróirí a chur san áireamh, gníomhaíochtaí ar gné dhílis iad de phróiseas forbartha an innill, ba cheart cead a thabhairt innill nach mbeidh cineálcheadú AE faighte acu ag an gcéim sin a chur ar an margadh ar bhonn sealadach. Ba cheart é bheith incheadaithe díolúintí a thabhairt freisin innill a chur ar an margadh ar bhonn sealadach le go bhféadfaí tástáil allamuigh a dhéanamh ar fhréamhshamhlacha.

(35) D'fhonn tionscadail fhadtéarmacha san earnáil iarnróid a chur san áireamh, ar tionscadail iad a éilíonn dianinfheistíocht, ba cheart díolúine a thabhairt, i gcomhréir le Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), d'innill a áirítear i dtionscadail a seoladh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus atá thar a bheidh forbartha.

(36) Tá sé riachtanach gan bac a chur ar an nuáil theicniúil i ndáil le feidhmíocht astaíochta inneall le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é le ceanglais nach ndéantar foráil dóibh i láthair na huaire sna nósanna imeachta riaracháin atá ann maidir le cineálcheadú. Dá bhrí sin, ní mór díolúintí áirithe agus rialacha áirithe i leith innill a chur san áireamh a ionchorpraíonn teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua.

(37) Maidir le OEManna a tháirgeann méid teoranta aonad in aghaidh na bliana, tá dúshláin mhóra rompu maidir lena gcabhlach a athdhearadh laistigh den idirthréimhse chaighdeánach. Is iondúil gur fiontair bheaga agus mheánmhéide ("FBManna") a bhíonn sna monaróirí sin a bhfuil cumas teoranta innealtóireachta acu agus ar minic a fhaigheann siad faisnéis faoi innill fhorbartha níos déanaí ná OEManna eile. Is fíor sin, go háirithe, i gcás monaróirí innealra talmhaíochta a tháirgeann méid teoranta aonad in aghaidh na bliana agus a mbeadh mórdhúshlán struchtúir os a gcomhair agus iad ag aistriú go teorainneacha astaíochtaí Chéim V. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh le haghaidh rialacha sonracha i leith cásanna den sórt sin.

(38) Ba cheart cead a thabhairt innill a chur ar an margadh atá ceaptha lena gcur in áit innill atá suiteáilte cheana féin in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, agus a chomhlíonann teorainneacha astaíochtaí nach bhfuil chomh docht leis na cinn a leagtar síos sa Rialachán seo, ionas go mbeadh ar chumas monaróirí a gcuid oibleagáidí maidir le barántaí a chomhlíonadh agus chun a áirithiú go mbeidh go leor innill den sórt sin ar fáil ar an margadh.

(39) De réir na meastachán atá ann faoi láthair, tá líon áirithe d'innill fhéinghluaiste do thomhas línte leithne a chaithfear a ionadú idir 2016 agus 2025. Níl innill fhéinghluaiste ardchumhachta atá oiriúnach do ghréasán iarnróid 1 520 mm ar fáil ar mhargadh an Aontais. Le réitigh shaincheaptha, mhéadófaí go mór an costas a bheadh ar inneall nua féinghluaiste agus chuirfeadh sé oibreoirí iarnróid óna gcuid cabhlach a athnuachan. Na srianta teicniúla agus eacnamaíocha atá ag gabháil le gréasán iarnróid 1 520 mm, ba cheart iad a bhreithniú sna nósanna imeachta do chineálcheadú an Aontais. Chun glasú na hearnála iarnróid sna Ballstát dá ndéantar difear a éascú agus a luathú agus chun úsáid na teicneolaíochta is fearr atá ar fáil faoi láthair ar an margadh a chur chun cinn, ba cheart na hinnill fhéinghluaiste sin atá ar an líonra iarnróid a dhíolmhú ar bhonn sealadach i leith ceanglais áirithe. Le díolúine den sórt sin, d'fhéadfadh sé gur lú an tionchar a bheadh ag an trácht iarnróid ar an gcomhshaol dá bharr.

(40) Is fíorbheag Ballstát san Aontas a bhfuil cadás á tháirgeadh aige. I ngeall ar na costais arda atá ar innealra nua buainte cadáis, agus chun nach gcuirfí ualach breise airgeadais ar an earnáil táirgthe cadáis, rud a chuirfeadh inmharthanacht eacnamaíoch na hearnála sin i mbaol tuilleadh, ba cheart rochtain a thabhairt d'oibreoirí ar raon leathan innealra athláimhe buainte cadáis. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm, ar feadh tréimhse teoranta ama, ar innill atá suiteáilte in innealra den sórt sin.

([1]) Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal (IO L 191, 18.7.2008, lch. 1)

(41) Maidir le faireachas margaidh leis an Rialachán seo, ba cheart oibleagáidí atá níos sonraí ná na hoibleagáidí comhfhreagracha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) a fhorchur ar na húdaráis náisiúnta.

(42) Chun a áirithiú go bhfuil an nós imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh táirgthe, arb é ceann de bhunchlocha chóras cineálcheadaithe AE é, curtha chun feidhme mar is ceart agus ag feidhmiú i gceart, ba cheart don údarás inniúil atá ainmnithe monaróirí a sheiceáil go rialta nó ba cheart do sheirbhís theicniúil atá cáilithe go cuí agus atá ainmnithe chun na críche sin iad a sheiceáil.

(43) Is páirtí conarthach é an tAontas i gComhaontú UNECE maidir le Saintreoracha Aonfhoirmeacha Teicniúla a ghlacadh d'Fheithiclí Rothaithe, Trealamh agus Páirteanna is féidir a shuiteáil agus/nó a úsáid ar Fheithiclí Rothaithe agus na Coinníollacha i dtaca le hAitheantas Cómhalartach Ceaduithe a thugtar ar bhonn na Saintreoracha sin ("Comhaontú Leasaithe 1958"). Dá dheasca sin, ba cheart ceaduithe a dheonaítear faoi rialacháin UNECE, agus na leasuithe ar na rialacháin sin, ar vótáil an tAontas ar a son nó ar aontaigh an tAontas dóibh, i gcur i bhfeidhm Chinneadh 97/836/CE ón gComhairle ([2]), a aithint mar choibhéis chineálcheaduithe AE arna dtabhairt faoin Rialachán seo. Dá réir sin, chun a áirithiú go mbeidh reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht UNECE comhsheasmhach agus i gcomhréir lena chéile, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun a chinneadh cé na rialacháin ó UNECE a bhfuil feidhm le bheith acu maidir le cineálcheaduithe AE.

(44) Chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le sonraí breise teicniúla, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le faireachán ar fheidhmíocht astaíochtaí inseirbhíse, tástálacha teicniúla agus nósanna imeachta tomhais, comhréireacht táirgthe, seachadadh ar leithligh córais iarchóireála sceite innill, innill le haghaidh tástáil allamuigh, innill lena n-úsáid in atmaisféirphléascacha, coibhéis cineálcheaduithe AE innill, faisnéis do OEManna agus d'úsáideoirí deiridh, agus caighdeáin agus measúnú seirbhísí teicniúla. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([3]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(45) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(46) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(47) D'fhonn an dul chun cinn leanúnach teicniúil agus na torthaí is déanaí i réimsí an taighde agus na nuála a chur san áireamh, ba cheart na deiseanna eile ar laghdú astaíochtaí truailleán ó innill atá suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a aithint. Ba cheart na measúnuithe sin a dhíriú ar na catagóirí innill sin a thagann laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo den chéad uair agus orthu siúd a leanann na teorainn-luachanna astaíochtaí ina leith de bheith gan athrú faoin Rialachán seo.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

([2]) Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontódh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha le haghaidh aitheantais fhrithpháirtigh i gcás formheasanna a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ("Comhaontú Leasaithe 1958") (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

([3]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(48) Na teorainnluachanna sonracha, na nósanna imeachta tástála agus na ceanglais le haghaidh astaíochtaí truailleán a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le hinnill do tharracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 freisin. Bheadh ré fhíorghairid ag Céim IV, i leith réimse cumhachta 56 — 130 kW, i bhfianaise na héifeachta comhcheangailte a bheadh ar chur ar fionraí na céime sin i gcás tarracóirí talmhaíochta de chuid chatagóirí T2, T4.1 agus C2 agus ar dhátaí chur i bhfeidhm Chéim V. Chun go seachnófar neamhéifeachtúlachtaí agus ualaigh neamhriachtanacha, ba cheart moill bhliana a chur ar dháta éigeantach de chuid Chéim IV do chinealcheadú AE agus ba cheart méid na solúbthachta a mhéadú dá réir. Fairis sin, ba cheart na clásail maidir le hidirthréimhse, a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le ceanglais Chéim V i ndáil le cur i bhfeidhm, a bheith infheidhme freisin maidir le hinnill Chéim IIIB. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/96 ón gCoimisiún ([1]) a leasú dá réir sin.

(49) Ar mhaithe le soiléire, intuarthacht, réasúnaíocht agus simpliú agus chun an t-ualach ar mhonaróirí innill agus innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a laghdú, níor cheart ach líon teoranta céimeanna cur chun feidhme a bheith sa Rialachán seo le leibhéil nua astaíochtaí agus nósanna imeachta cineálcheadaithe AE a thabhairt isteach. Tá sé riachtanach sainmhíniú tráthúil a dhéanamh ar cheanglais le haga tionscanta leordhóthanach a áirithiú chun gur féidir le monaróirí réitigh theicniúla a fhorbairt, a thástáil agus a chur chun feidhme le haghaidh inneall a tháirgtear i sraitheanna, agus chun gur féidir le monaróirí agus údaráis cheadúcháin na córais riaracháin is gá a bhunú.

(50) Tá leasuithe substaintiúla déanta roinnt uaireanta ar Threoir 97/68/CE. Ar mhaithe le soiléire, intuarthacht, réasúnaíocht agus simpliú, ba cheart an Treoir sin a aisghairm agus rialachán agus líon teoranta gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a chur ina hionad. Le glacadh rialacháin, áirítear go mbeidh a fhorálacha infheidhme go díreach, go háirithe, maidir le monaróirí, údaráis cheadúcháin agus seirbhísí teicniúla, agus gur féidir iad a leasú ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla chun aird níos fearr a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil.

(51) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 97/68/CE a aisghairm le héifeacht ó dháta a thabharfadh go leor ama don tionscal oiriúnú don Rialachán seo agus oiriúnú do na sonraíochtaí teicniúla agus na forálacha riaracháin atá le leagan síos sna gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlactar dá bhun.

(52) Ní fhoráiltear le Treoir 97/68/CE do mhaolú d'innill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a bheidh le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach. D'fhonn ceanglais theicniúla dhochta a chur san áireamh atá fíor-riachtanach do shábháilteacht oibríochta inneall den sórt sin, ba cheart Treoir 97/68/CE a leasú chun gur féidir maoluithe maidir le hinnill den sórt sin a chur i bhfeidhm go dtí go ndéanfar an Treoir sin a aisghairm.

(53) Ní mór an malartú sonraí agus faisnéise a bhaineann le cineálcheaduithe AE a fheabhsú ionas gur féidir an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go mear. Dá bhrí sin, ba cheart a chur de cheangal ar na húdaráis náisiúnta oibriú go héifeachtach i gcomhar le chéile agus leis an gCoimisiún agus sonraí agus faisnéis a roinnt lena chéile a bhaineann le cineálcheaduithe AE trí bhíthin Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ("IMI") a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). D'fhonn cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú, ba cheart modúl IMI a bhunú a bheadh saincheaptha go sonrach d'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Ba cheart freisin an fhéidearthacht a bheith ag monaróirí agus seirbhísí teicniúla leas a bhaint as IMI chun sonraí agus faisnéis maidir le hinnill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a mhalartú.

(54) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir leis na ceanglais riaracháin agus theicniúla a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí agus nósanna imeachta cineálcheadaithe AE i dtaca le hinnill atá le suiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/96 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais ar fheidhmíocht chomhshaoil agus modha tiomána i leith feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 16, 23.1.2015, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún ("Rialachán IMI") (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

## ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

### Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear teorainneacha astaíochtaí do gach inneall dá dtagraítear in Airteagal 2(1) le haghaidh truailleáin ghásacha agus cáithníneacha mar aon leis na ceanglais riaracháin agus theicniúla a bhaineann le cineálcheadú AE.

Leis an Rialachán seo freisin, leagtar síos oibleagáidí áirithe i ndáil le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é a ndéantar, nó a ndearnadh, inneall amhail dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a shuiteáil ann, a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha ó innill den sórt sin.

2. Leis an Rialachán seo freisin, bunaítear na ceanglais le haghaidh faireachas margaidh ar innill dá dtagraítear in Airteagal 2(1) atá suiteáilte nó ceaptha a bheith suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, agus atá faoi réir chineálcheadú AE.

*Airteagal 2*

### Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach inneall a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus atá suiteáilte nó ceaptha a bheith suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus, a mhéid a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha ó na hinnill sin, tá feidhm aige maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é den sórt sin.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le hinnill le haghaidh:

(a) tiomáint feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Threoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(b) tiomáint tarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta mar a shainmhínítear i bpointe (8) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013;

(c) tiomáint feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

(d) innealra do-aistrithe;

(e) soithí farraige a bhfuil teastas bailí loingseoireachta muirí nó teastas bailí sábháilteachta ag teastáil dóibh;

(f) árthaí mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin;

(g) tiomáint soithí uiscebhealaí intíre a bhfuil glanchumhacht níos lú ná 19 kW acu nó críocha cúntacha na soithí sin;

(h) árthaí uisce mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]);

([1]) Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 ag bunú creat le haghaidh feithiclí mótair agus a leantóirí a cheadú, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla leithleacha atá ceaptha do na feithiclí sin (Treoir réime) (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

([3]) Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (féach leathanach 118 den Iris Oifigiúil seo).

([4]) Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí siamsaíochta agus árthaí pearsanta uisce agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (IO L 354, 28.12.2013, lch. 90).

(i) aerárthaí mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún ([1]);

(j) feithiclí áineasa, seachas mótair sneachta, feithiclí uile-thír-raon agus feithiclí taobh le taobh;

(k) feithiclí agus innealra a úsáidtear go heisiach nó a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid go heisiach i gcomórtais;

(l) caidéil chomhraicthe dóiteáin iniompartha mar a shainmhínítear agus mar a chumhdaítear iad leis an gcaighdeán Eorpach maidir le caidéil chomhraice dóiteáin iniompartha ([2]);

(m) samhlacha ar scála laghdaithe nó macasamhla ar scála laghdaithe d'fheithiclí nó d'innealra a mhonaraítear chun críocha áineasa agus a bhfuil glanchumhacht níos lú ná 19 kW acu.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "innealra soghluaiste nach innealra bóthair é" aon inneall soghluaiste, trealamh iniompair nó feithicil le nó gan cabhalra nó rothaí, nach bhfuil ceaptha le húsáid chun paisinéirí nó earraí a iompar ar bhóithre agus áiríonn sé innealra atá suiteáilte ar chabhail feithiclí atá beartaithe chun paisinéirí nó earraí a iompar ar bhóithre;

(2) ciallaíonn "cineálcheadú AE" an nós imeachta faoina ndeimhníonn údarás ceadúcháin go gcomhlíonann cineál innill nó aicme inneall forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo;

(3) ciallaíonn "truailleáin ghásacha" na truailleáin seo a leanas ina staid ghásach a astaítear ó inneall: aonocsaíd charbóin (CO), hidreacarbóin iomlána (HC) agus ocsaídí nítrigine ($NO_x$), arb ionann $NO_x$ agus ocsaíd nítreach (NO) agus dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$), arna sloinneadh mar choibhéis NO);

(4) ciallaíonn "ábhar cáithníneach" nó "PM" mais aon ábhair sa ghás a astaítear ó inneall a bhailítear ar mheán sonraithe scagaire tar éis an gás a chaolú le haer glan scagtha ionas nach sáraíonn an teocht 325 K (52 °C);

(5) ciallaíonn "líon na gcáithníní" nó "PN" líon na gcáithníní soladacha a astaítear ó inneall a bhfuil trastomhas níos mó ná 23nm aige;

(6) ciallaíonn "truailleáin cháithníneacha" aon ábhar a astaítear ón inneall a dhéantar a thomhas mar PM nó PN;

(7) ciallaíonn "inneall dócháin inmheánaigh" nó "inneall" iompaitheoir fuinnimh, seachas tuirbín gáis, atá ceaptha chun fuinneamh ceimiceach (ionchuir) a thrasfhoirmiú go fuinneamh meicniúil (aschur) le próiseas dócháin inmheánaigh; áirítear ann, i gcás inar suiteáladh iad, córas rialaithe astaíochta agus comhéadan cumarsáide (crua-earra agus teachtaireachtaí) idir aonad rialaithe leictreonach an innill nó aonaid rialaithe leictreonacha an innill agus aon ghléasra cumhachta nó aonad rialaithe feithicle atá riachtanach le Caibidil II agus Caibidil III a chomhlíonadh;

(8) ciallaíonn "cineál innill" grúpa inneall nach bhfuil éagsúil ó thaobh shaintréithe riachtanacha an innill;

(9) ciallaíonn "aicme inneall" grúpáil cineálacha innill de chuid monaróra a bhfuil saintréithe comhchosúla astaíochta acu mar gheall ar a ndearadh, agus a urramaíonn teorainnluachanna astaíochtaí atá infheidhme;

(10) ciallaíonn "máthair-inneall" cineál innill atá roghnaithe as aicme inneall sa chaoi go bhfuil a shaintréithe astaíochta ionadaíoch don aicme inneall sin;

(11) ciallaíonn "inneall athsholáthair" inneall:

(a) a úsáidtear go heisiach chun inneall atá curtha ar an margadh cheana féin agus atá suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a athsholáthar; agus

(b) lena gcomhlíontar céim astaíochta atá níos ísle ná an chéim sin is infheidhme ar dháta athsholáthair an innill;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na heagraíochtaí agus an pearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1).

([2]) Caighdeán Eorpach EN 14466+A1: 2009 (Caidéil chomhraicthe tine — Caidéil iniompartha — Ceanglais shábhailteachta agus feidhmíochta, tástálacha).

(12) ciallaíonn "inneall inseirbhíse" inneall a oibrítear in innealra soghluaiste nach innealra bóthair thar a ghnáthphatrúin oibriúcháin, a ghnáthchoinníollacha agus a ghnáth-phálastaí, agus a úsáidtear chun tástálacha faireacháin ar astaíochtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 19 a dhéanamh;

(13) ciallaíonn "inneall CI" inneall a oibríonn ar an bprionsabal adhainte comhbhrúite ("CI");

(14) "inneall SI" inneall a oibríonn ar an bprionsabal spréachadhainte ("SI");

(15) ciallaíonn "inneall SI láimhe" inneall SI a bhfuil cumhacht tagartha níos lú ná 19 kW aige, a úsáidtear i bpíosa trealaimh a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) iompraíonn an t-oibritheoir i rith fheidhmiú a fheidhme beartaithe nó a fheidhmeanna beartaithe é;

(b) oibríonn sé i níos mó ná staid amháin, ar nós bun os cionn nó go cliathánach, lena fheidhm bheartaithe nó lena fheidhmeanna beartaithe a fheidhmiú;

(c) is lú ná 20 kg a mheáchan tirim, an t-inneall san áireamh, agus comhlíonann sé ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(i) soláthraíonn a oibritheoir tacaíocht fhisiciúil don trealamh ar feadh fheidhmiú a fheidhme beartaithe nó a fheidhmeanna beartaithe;

(ii) soláthraíonn a oibritheoir tacaíocht fhisiciúil nó rialú dearcaidh don trealamh -ar feadh fheidhmiú a fheidhme beartaithe nó a fheidhmeanna beartaithe;

(iii) úsáidtear é i ngineadóir nó i gcaidéal;

(16) ciallaíonn "breosla leachtach" breosla a bhíonn i riocht leachtach faoi choinníollacha caighdeánacha timpeallachta (298K, brú iomlán comhthimpeallach 101,3 kPa);

(17) ciallaíonn "breosla gásach" aon bhreosla a bhíonn gásach go hiomlán faoi choinníollacha caighdeánacha timpeallachta (298K, brú iomlán comhthimpeallach 101,3 kPa);

(18) ciallaíonn "inneall débhreosla" inneall a dearadh le hoibriú i gcomhthráth le breosla leachtach agus breosla gásach, agus méadrú ar leith don dá bhreosla, an méid de cheann amháin de na breoslaí i gcoibhneas leis an gceann eile in ann athrú ag brath ar an oibriú;

(19) ciallaíonn "inneall aonbhreosla" inneall nach inneall débhreosla é;

(20) ciallaíonn "GER" (an Cóimheas Gáis-Fuinnimh), i gcás inneall débhreosla, cóimheas chion fuinnimh an bhreosla ghásaigh thar cion fuinnimh an dá bhreosla; i gcás inneall aonbhreosla, sainmhínítear GER mar 1 nó 0 de réir an chineáil bhreosla;

(21) ciallaíonn "inneall faoi luas seasmhach" inneall a bhfuil a chineálcheadú AE teoranta d'oibríocht ar luas seasmhach, seachas innill a bhfuil a bhfeidhm rialtóra luas seasmhach bainte amach nó díchumasaithe; féadfaidh luas réchasta a bheith ag inneall ar luas seasmhach le húsáid le linn tosú nó múchadh agus féadfaidh rialtóir a bheith ar inneall ar luas seasmhach ar féidir é a shocrú ag luas malartach nuair a stoptar an t-inneall;

(22) ciallaíonn "inneall faoi luas inathraithe" inneall nach inneall faoi luas seasmhach é;

(23) ciallaíonn "oibríocht faoi luas seasmhach" oibríocht innill le rialtóir a dhéanann rialú uathoibríoch ar éileamh an oibritheora luas innill a chothabháil, fiú faoi ualach atá ag athrú;

(24) ciallaíonn "inneall cúnta" inneall atá suiteáilte nó atá ceaptha le bheith suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é nach soláthraíonn tiomáint go díreach nó go hindíreach;

(25) ciallaíonn "glanchumhacht" an chumhacht innill in kW a fhaightear ar bhinse tástála ag deireadh na cromfhearsaide, nó a choibhéis, tomhaiste de réir modh tomhaiste cumhachta innill dócháin inmheánaigh sonraithe i Rialachán UNECE Uimh. 120 agus breosla tagartha nó teaglama breosla a leagtar amach in Airteagal 25(2) á úsáid;

(26) ciallaíonn "cumhacht tagartha" an ghlanchumhacht a úsáidtear leis na teorainnluachanna astaíochtaí is infheidhme don inneall a shocrú;

(27) ciallaíonn "glanchumhacht rátaithe" an ghlanchumhacht in kW mar atá rátaithe ag monaróir innill ag luas rátaithe;

(28) ciallaíonn "uas-ghlanchumhacht" an luach glanchumhachta is airde ar an gcuar cumhachta lánlóid don chineál innill;

(29) ciallaíonn "luas rátaithe" an t-uasluas faoin lánualach atá ceadaithe ag rialtóir de chuid innill, mar a dhear an monaróir, nó, mura bhfuil rialtóir den sórt sin ann, an luas ag a mbainfidh an t-inneall an uas-ghlanchumhacht amach, mar atá sainithe ag an monaróir;

(30) ciallaíonn "dáta táirgthe an innill" an dáta, arna shloinneadh mar mhí agus bliain, a phasálann an t-inneall an tseiceáil dheireanach, tar éis dó an líne tháirgeachta a fhágáil, agus é a bheith réidh le seachadadh nó le cur ar stoc;

(31) ciallaíonn "idirthréimhse" an chéad 24 mhí tar éis na dátaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III chun innill de chuid Chéim V a chur ar an margadh;

(32) ciallaíonn "inneall idirthréimhseach" inneall a bhfuil dáta táirgeachta innill aige ar luaithe é ná an dáta a leagtar amach in Iarscríbhinn III le hinnill Chéim V a chur ar an margadh agus:

(a) a comhlíonann na teorainneacha astaíochtaí infheidhme is déanaí atá sainithe sa reachtaíocht ábhartha atá infheidhme ar an 5 Deireadh Fómhair 2016 nó;

(b) a thagann laistigh de raon cumhachta nó go n-úsáidtear nó go gceaptar go n-úsáidfear é i bhfeidhm nach raibh faoi réir teorainneacha astaíochtaí truailleán agus cineálcheadaithe ar leibhéal an Aontais ar an 5 Deireadh Fómhair 2016;

(33) ciallaíonn "dáta táirgthe mheaisín shoghluaiste nach meaisín bóthair é" an mhí agus an bhliain atá luaite ar mharcáil reachtach an mheaisín nó, mura bhfuil marcáil reachtúil ann, an mhí agus an bhliain ina bpasálann sé an tseiceáil dheireanach tar éis dó an líne tháirgthe a fhágáil;

(34) ciallaíonn "soitheach uiscebhealaí intíre" árthach a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2016/1629;

(35) ciallaíonn "foireann ginte" meaisín neamhspleách soghluaiste nach meaisín bóthair é agus nach cuid de ghléasra cumhachta é, atá ceaptha go príomha cumhacht leictreach a tháirgeadh;

(36) ciallaíonn "innealra do-aistrithe" innealra atá beartaithe a bheith suiteáilte go buan in aon ionad amháin ina chéad úsáid agus nach bhfuil sé beartaithe é a bhogadh, ar bhóthar nó ar bhealach eile, ach amháin le linn loingseoireachta ó áit a dhéanta go háit a chéadsuiteála;

(37) ciallaíonn "suiteáilte go buan" boltáilte, nó socruithe go héifeachtúil ar bhealach eile ionas nach féidir é a bhaint amach gan uirlisí nó trealamh a úsáid, le dúshraith nó srian malartach atá beartaithe ionas go n-oibreoidh an t-inneall in aon ionad amháin i bhfoirgneamh, struchtúr, áis nó suiteáil;

(38) ciallaíonn "mótar sneachta" meaisín féinghluaiste atá beartaithe le haghaidh taisteal easbhóthair go príomha ar shneachta, arna thiomáint le rianta atá i dteagmháil le sneachta agus arna stiúradh le scí nó scíonna atá i dteagmháil leis an sneachta, le huasmhais neamhualaithe, in ord reatha, 454 kg (lena n-áirítear trealamh caighdeánach, fuarthán, bealaí, breosla agus uirlisí ach gan oiriúintí roghnacha agus an tiománaí a áireamh);

(39) ciallaíonn "feithicil uile-thír-raoin" nó "ATV" feithicil mhótair, arna tiomáint le hinneall, atá beartaithe go príomha le taisteal ar dhromchlaí gan phábháil ar cheithre roth nó níos mó a bhfuil boinn ísealbhrú orthu, le suíochán atá deartha do thiománaí a shuíonn gabhalscartha, nó le suíochán atá deartha do thiománaí a shuíonn gabhalscartha agus suíochán do phaisinéir amháin eile ar a mhéid, agus hanla mar stiúir;

(40) ciallaíonn "feithicil taobh le taobh" nó "SbS" feithicil féinghluaiste, oibritheoir-rialaithe, neamhaltach atá ceaptha go príomha le taisteal ar dhromchlaí gan phábháil ar cheithre roth nó níos mó, le híosmhais neamhualaithe, in ord reatha, 300 kg (lena n-áirítear trealamh caighdeánach, fuarthán, bealaí, breosla agus uirlisí ach gan oiriúintí roghnacha agus an tiománaí a áireamh) agus uasluas deartha níos lú ná 25 km/u; tá feithicil den sórt sin deartha freisin le daoine agus/nó earraí agus/nó trealamh tarraingthe agus brú a iompar, tá sí stiúrtha le rialtán nach hanla é, tá sí deartha le haghaidh cuspóirí áineasa nó fóntais agus ní iompraíonn sí níos mó ná seisear agus an tiománaí san áireamh, ag suí taobh le taobh ar shuíochán neamh-ghabhalscartha amháin nó níos mó;

(41) ciallaíonn "feithicil iarnróid" innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a oibríonn go heisiach ar ráillí iarnróid;

(42) ciallaíonn "inneall féinghluaiste" feithicil iarnróid atá deartha le cumhacht ghluaisne a sholáthar go díreach trína rothaí féin nó go hindíreach trí rothaí fheithiclí iarnróid eile, le hí féin agus feithiclí iarnróid eile a thiomáint atá deartha le lastas, paisinéirí agus trealamh eile a iompar, agus atá deartha nó beartaithe gan lastas ná paisinéirí, seachas iad siúd atá ag oibriú an innill fhéinghluaiste, a iompar í féin;

(43) ciallaíonn "carr iarnróid" feithicil iarnróid atá deartha le cumhacht ghluaisne a sholáthar, go díreach trína rothaí féin nó go hindíreach trí rothaí fheithiclí iarnróid eile, chun é féin a thiomáint, agus atá deartha go sonrach le hearraí nó paisinéirí a iompar, nó earraí agus paisinéirí araon, agus nach inneall féinghluaiste é;

(44) ciallaíonn "feithicil chúnta iarnróid" feithicil iarnróid nach carr iarnróid ná inneall féinghluaiste í, lena n-áirítear, feithicil iarnróid atá deartha go sonrach le hobair cothabhála nó obair fhoirgníochta nó oibríochta ardaithe a bhaineann leis an rian nó le bonneagar an iarnróid a dhéanamh, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin;

(45) ciallaíonn "craein shoghluaiste" craein ghéige fhéinchumhachtaithe atá in ann taisteal ar bhóthar nó easbhóthair nó an dá rud, agus atá ag brath ar dhomhantarraingt le haghaidh cobhsaíochta agus a oibríonn ar bhoinn, ar chrios boinn nó le socruithe eile soghluaiste;

(46) ciallaíonn "caiteoir sneachta" meaisín féinchumhachtaithe atá deartha go heisiach chun sneachta a ghlanadh ó dhromchla cosáin pábháilte trí chainníocht sneachta a bhailiú agus a chaitheamh go láidir trí shiúit;

(47) ciallaíonn "cur ar fáil ar an margadh" aon soláthar innill nó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é le dáileadh nó le húsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, ar son íocaíochta nó saor in aisce;

(48) ciallaíonn "cur ar an margadh" an chéad uair a chuirtear inneall nó meaisín soghluaiste nach innealra bóthair é ar fáil ar mhargadh an Aontais;

(49) ciallaíonn "monaróir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach don údarás ceadúcháin as gach gné de chineálcheadú AE nó den phróiseas údaraithe agus as comhréireacht táirgthe innill a áirithiú, agus atá freagrach freisin as cúraimí a bhaineann le faireachas margaidh maidir leis na hinnill a tháirgtear, is cuma cé acu an bhfuil baint dhíreach aige le gach céim de cheapadh agus de thógáil an innill is ábhar do phróiseas cineálcheadú AE nó nach bhfuil;

(50) ciallaíonn "ionadaí an mhonaróra" nó "ionadaí" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus atá ceaptha go hiomchuí ag an monaróir le sainordú i scríbhinn a bheith ina ionadaí thar a cheann in ábhair a bhaineann leis an údarás ceadúcháin nó leis an údarás um fhaireachas margaidh agus gníomhú thar a cheann in ábhair atá cumhdaithe faoin Rialachán seo;

(51) ciallaíonn "allmhaireoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a chuireann ar an margadh inneall ó thríú tír, cibé acu atá an t-inneall suiteáilte cheana féin in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, nó nach bhfuil;

(52) ciallaíonn "dáileoir" duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, a chuireann inneall ar fáil ar an margadh;

(53) ciallaíonn "oibreoir eacnamaíoch" an monaróir, ionadaí an mhonaróra, an t-allmhaireoir nó an dáileoir;

(54) ciallaíonn "monaróir buntrealaimh" nó "OEM" aon duine nádurtha nó dlítheanach a mhonaraíonn innealra soghluaiste nach innealra bóthair é;

(55) ciallaíonn "údarás ceadúcháin" údarás Ballstáit arna bhunú nó arna cheapadh ag Ballstát, agus ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith agus ag a bhfuil inniúlacht maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gach gné den chineálcheadú AE do chineál innill ná d'aicme inneall;

(b) an próiseas údaraithe;

(c) deimhnithe cineálcheadú AE a dheonú, agus, i gcás inarb iomchuí, iad a tharraingt siar nó diúltú iad a eisiúint, agus deimhnithe cineálcheadú AE a dheonú;

(d) gníomhú mar an pointe teagmhála d'údaráis cheadúcháin na mBallstát eile;

(e) na seirbhísí teicniúla a ainmniú; agus

(f) a áirithiú go gcomhlíonfaidh an monaróir a chuid oibleagáidí i leith chomhréireacht an táirgthe;

(56) ciallaíonn "seirbhís theicniúil" eagraíocht nó comhlacht arna hainmniú nó arna ainmniú ag an údarás ceadúcháin mar shaotharlann tástála chun tástálacha a dhéanamh, nó mar chomhlacht um measúnú comhréireachta chun an measúnú tosaigh agus tástálacha nó cigireachtaí eile a dhéanamh, thar ceann an údaráis cheadúcháin, nó an t-údarás féin nuair a bhíonn na feidhmeanna sin á ndéanamh aige;

(57) ciallaíonn "faireachas margaidh" na gníomhaíochtaí agus na bearta a dhéanann údaráis náisiúnta chun a áirithiú go gcomhlíonann innill a chuirtear ar fáil ar an margadh reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais;

(58) ciallaíonn "údarás um fhaireachas margaidh" údarás Ballstáit atá freagrach as faireachas margaidh a dhéanamh ina chríoch;

(59) ciallaíonn "údarás náisiúnta" údarás ceadúcháin nó aon údarás eile a bhfuil baint aige le faireachas margaidh, rialú teorann nó cur ar an margadh i mBallstát, nó atá freagrach astu, i ndáil le hinnill atá le suiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é nó i ndáil le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é ina bhfuil innill suiteáilte;

(60) ciallaíonn "úsáideoir deiridh" aon duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas an monaróir, OEM, an t-allmhaireoir nó an dáileoir, atá freagrach as an t-inneall atá suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a oibriú;

(61) ciallaíonn "straitéis rialaithe astaíochtaí" gné nó tacar gnéithe dearaidh atá ionchorpraithe i ndearadh foriomlán innill, nó in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ina bhfuil an t-inneall suiteáilte, agus a úsáidtear chun astaíochtaí a rialú;

(62) ciallaíonn "córas rialaithe astaíochtaí" aon ghaireas, córas nó gné den dearadh a rialaíonn nó a laghdaíonn astaíochtaí;

(63) ciallaíonn "straitéis uathmhaolaithe" straitéis rialaithe astaíochtaí lena laghdaítear éifeachtacht na rialuithe astaíochtaí faoi dhálaí comhthimpeallacha oibrithe nó faoi dhálaí oibrithe innill a bhíonn ann le linn ghnáthoibriú meaisín nó lasmuigh de nósanna imeachta tástála cineál-cheadú an AE;

(64) Ciallaíonn "aonad leictreonach rialaithe" gaireas leictreonach innill atá ina chuid den chóras rialaithe astaíochtaí agus a úsáideann sonraí ó bhraiteoirí innill le paraiméadair innill a rialú;

(65) Ciallaíonn "athchúrsáil gás sceite" nó "EGR" gaireas teicniúil atá ina cuid de chóras rialaithe sceite agus a laghdaíonn astaíochtaí trí gháis sceite atá díchurtha ón gcuasán/ó na cuasáin dócháin a threorú ar ais isteach san inneall le meascadh le haer atá ag teacht isteach roimh an dóchán nó lena linn, seachas comhuainiú comhla a úsáid le méid an gháis iarmhartaigh sceite sa chuasán /sna cuasáin dócháin a mheasctar leis an aer atá ag teacht isteach roimh an dóchán nó lena linn;

(66) ciallaíonn "córas iarchóireála sceite" catalaíoch, scagaire cáithníní, córas de $NO_x$ scagaire comhcheangailte cáithníneach de $NO_x$ nó aon ghaireas laghdaithe astaíochtaí eile, seachas athchúrsáil gás sceite (EGR) agus turbaluchtairí, atá ina chuid den chóras rialaithe astaíochtaí ach atá suiteáilte i suíomh bhealach iartheachtach i ndáil le comhlaí an innill;

(67) ciallaíonn "crioscaíl" córas rialála astaíochtaí na feithicle nó córas tiomána na feithicle, lena n-áirítear aon bhogearra nó aon ghnéithe eile den rialú loighistice de chóras den sórt sin, a dhíghníomhú, a choigeartú nó a mhodhnú, arb é an toradh atá air, bíodh sé beartaithe nó ná bíodh, gur chun donais a théann feidhmíocht astaíochta an innill;

(68) ciallaíonn "timthriall tástála" seicheamhach pointí tástála, lena luas agus torc sainmhínithe féin ag gach ceann acu, atá le leanúint ag inneall nuair a bhíonn sé á thástáil faoi fhoistine nó coinníollacha neamhbhuana oibriúcháin;

(69) ciallaíonn "timthriall tástála foistine" timthriall tástála ina gcoinnítear luas innill agus torc ag foireann chríochta luachanna ainmniúla tairiseacha. Is ionann tástálacha foistine agus tástálacha mód scoite nó tástálacha modúla rampáilte;

(70) ciallaíonn "timthriall díomuan tástála" timthriall tástála le seicheamh luas normalaithe agus luachanna toirc a athraíonn ó shoicind go soicind le ham;

(71) ciallaíonn "cás an chromáin" na spásanna iata istigh san inneall, nó lasmuigh de, a bhíonn ceangailte le humar na hola trí dhuchtanna istigh san umar nó lasmuigh de a thugann deis astaithe do gháis agus do ghal;

(72) ciallaíonn “athghiniúint” teagmhas ina n-athraíonn leibhéil astaíochtaí le linn d'fheidhmíocht an chórais iarchóireála sceite a bheith á hathchóiriú trí dhearadh, agus is féidir a rangú mar athghiniúint leanúnach nó athghiniúint (thréimhsiúil) ainmhinic;

(73) ciallaíonn “tréimhse mharthanachta astaíochtaí” nó “EDP” an líon uaireanta nó, i gcás ianrb infheidhme, an fad a úsáidtear le tosca meatha a shocrú;

(74) ciallaíonn “tosca meatha” an tacar de thosca a léiríonn an gaol atá idir astaíochtaí ag tús agus deireadh an tréimhse mharthanachta astaíochtaí;

(75) ciallaíonn “tástáil fhíorúil” samhail ríomhaire, lena n-áirítear ríomh, a dhéantar le leibhéal feidhmíochta innill a thaispeáint mar chúnamh don chinnteoireacht gan úsáid an innill fhisicí a bheith riachtanach.

*Airteagal 4*

**Catagóirí innill**

1. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm leis na catagóirí innill seo a leanas, agus iad roinnte i bhfochatagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn I:

(1) “catagóir NRE”:

(a) innill le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus atá oiriúnach le bogadh, nó a bheith bogtha ar bhóthar nó ar bhealach eile, nach bhfuil eisiata faoi Airteagal 2(2) agus nach n-áirítear in aon chatagóir eile a leagtar amach i bpointí (2) go (10) den mhír seo;

(b) innill a bhfuil cumhacht tagartha níos lú ná 560 kW acu a úsáidtear in áit innill de chuid Chéim V de chatagóirí IWP, IWA, RLL nó RLR;

(2) “catagóir NRG”: innill a bhfuil cumhacht tagartha níos mó ná 560 kW acu, atá le húsáid go heisiach i bhfoireann ginte; áirítear innill d'fhoirne ginte, seachas na hinnill a bhfuil na saintréithe sin acu a áirítear i gcatagóirí NRE nó NRS, de réir a gcuid saintréithe;

(3) “catagóir NRSh”: innill SI láimhe a bhfuil cumhacht tagartha níos lú ná 19 kW acu, atá le húsáid go heisiach in innealra láimhe;

(4) “catagóir NRS”: innill SI a bhfuil cumhacht tagartha níos lú ná 56 kW acu agus nach bhfuil áirithe i gcatagóir NRSh;

(5) “catagóir IWP”:

(a) innill atá le húsáid go heisiach i soithí uiscebhealaí intíre, le haghaidh tiomáint dhíreach nó neamhdhíreach, nó ceaptha le haghaidh tiomáint dhíreach nó neamhdhíreach, a bhfuil glanchumhacht atá níos mó ná, nó atá cothrom le 19 kW acu;

(b) innill a úsáidtear in áit inneall de chuid chatagóir IWA ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad Airteagal 24(8);

(6) “catagóir IWA”: innill chúnta atá le húsáid go heisiach i soithí uiscebhealaí intíre agus a bhfuil cumhacht tagartha atá níos mó ná, nó atá cothrom le, 19 kW acu;

(7) “catagóir RLL”: innill le húsáid go heisiach in innill fhéinghluaiste, le haghaidh tiomána nó beartaithe le haghaidh tiomána;

(8) “catagóir RLR”,:

(a) innill le húsáid go heisiach i gcarranna iarnróid, le haghaidh tiomána nó beartaithe le haghaidh tiomána;

(b) innill a úsáidfear in áit innill de chuid Chéim V de chuid chatagóir RLL;

(9) “catagóir SMB”: innill SI atá le húsáid go heisiach i mótair sneachta; áirítear innill do mhótair sneachta, seachas innill SI, i gcatagóir NRE;

(10) “catagóir ATS”: innill SI atá le húsáid go heisiach i ngach ATV agus SbS; áirítear innill d'ATVanna agus SbS seachas innill SI i gcatagóir NRE.

2. Féadfar inneall faoi luas inathraithe i gcatagóir ar leith a úsáid in ionad inneall faoi luas seasmhach den chatagóir chéanna.

Sa bhreis air sin, comhlíonfaidh innill faoi luas inathraithe de chatagóir IWP a úsáidtear le hoibríochtaí faoi luas seasmhach Airteagal 24(7) nó Airteagal 24(8), de réir mar atá infheidhme.

3. Déantar innill le haghaidh feithiclí cúntacha iarnróid agus innill chúntacha le haghaidh carranna iarnróid agus innill fhéinghluaiste a áireamh i gcatagóir NRE nó NRS, de réir a gcuid saintréithe.

CAIBIDIL II

**OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA**

*Airteagal 5*

**Oibleagáidí na mBallstát**

1. Bunóidh nó ceapfaidh na Ballstáit údaráis cheadúcháin agus údaráis um fhaireachas margaidh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le bunú agus ceapadh na n-údarás ceadúcháin agus na n-údarás um fhaireachas margaidh dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear a n-ainmneacha, a seoltaí poist agus a seoltaí ríomhphoist, agus a réimsí freagrachta. Foilseoidh an Coimisiún liosta agus sonraí na n-údarás ceadúcháin ar a shuíomh gréasáin.

3. Ní cheadóidh na Ballstáit ach na nithe seo a leanas a chur ar an margadh:

(a) innill a chumhdaítear le cineálcheadú bailí AE a deonaíodh i gcomhréir leis an Rialachán seo, beag beann ar cé acu atá siad suiteáilte cheana in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é nó nach bhfuil; agus

(b) innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ina bhfuil innill amhail dá dtagraítear i bpointe (a) suiteáilte.

4. Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc, srian ná bac ar na táirgí seo a leanas a chur ar an margadh:

(a) innill ar fhorais a bhaineann le gnéithe dá ndéantús agus dá bhfeidhmiú a chumhdaítear leis an Rialachán seo, i gcás ina gcomhlíonann na hinnill sin a cheanglais;

(b) innealra soghluaiste nach innealra bóthar é, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach ó innill atá suiteáilte in innealra den sórt sin, i gcás ina dtiocfaidh na hinnill sin faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus ina gcomhlíonfar a cheanglais.

5. Eagróidh na Ballstáit agus cuirfidh siad i gcrích faireachas margaidh agus rialú inneall ar an margadh i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

*Airteagal 6*

**Oibleagáidí na n-údarás ceadúcháin**

1. Áiritheoidh údaráis cheadúcháin go gcomhlíonfaidh monaróirí a dhéanfaidh iarratas ar chineálcheadú AE an Rialachán seo.

2. Ní dhéanfaidh údaráis cheadúcháin cineálcheadú AE a dheonú ach amháin i gcás cineálacha innill nó aicmí inneall a chomhlíonann an Rialachán seo.

3. Is trí IMI a chuirfidh údaráis cheadúcháin clár ar fáil don phobal, ar clár é de gach cineál innill agus aicme inneall ar deonaíodh, ar síneadh nó ar aistarraingíodh cineálcheadú AE ina leith, nó ar diúltaíodh iarratas ar chineálcheadú AE ina leith.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, sa chlár sin:

(a) ainm agus seoladh an mhonaróra agus ainm an chomhlachta, más éagsúil;

(b) trádainm nó trádainmneacha nó trádmharc nó trádmharcanna, dé réir mar is iomchuí, ar leis an monaróir é nó iad;

(c) ainmniú na gcineálacha innill a chumhdaítear le cineálcheadú AE an chineáil innill nó, i gcás inarb infheidhme, le cineálcheadú AE na haicme innill;

(d) an chatagóir innill;

(e) uimhir chineálcheadú AE lena n-áirítear, uimhir aon sínte nó aon síntí;

(f) dáta deonaithe, sínte, diúltaithe nó tarraingthe siar chineálcheadú AE; agus

(g) an méid atá sna ranna "Faisnéis ghinearálta innill" agus "Toradh astaíochtaí deiridh" den tuarascáil ar thástálacha dá dtagraítear in Airteagal 24(12).

*Airteagal 7*

**Oibleagáidí na n-údarás um fhaireachas margaidh**

1. Déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh seiceáil ar dhoiciméid, agus, de réir mar is cuí, seiceáil fhisiceach agus saotharlainne ar innill ar scála oiriúnach agus ar bhonn céatadán de shamplaí imleora. Agus é sin á dhéanamh acu, cuirfidh siad prionsabail sheanbhunaithe an mheasúnaithe riosca san áireamh, chomh maith le haon ghearán, agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

2. Féadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh a chur de cheangal ar oibritheoirí eacnamaíocha doiciméadú agus faisnéis den sórt sin a mheastar a bheith riachtanach chun gníomhaíochtaí an údaráis a dhéanamh a chur ar fáil.

*Airteagal 8*

**Oibleagáidí ginearálta na monaróirí**

1. Áiritheoidh monaróirí nuair a chuirtear a gcuid inneall ar an margadh go bhfuil siad monaraithe agus cheadúcháin i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. I gcás ina modhnóidh monaróirí inneall atá faoi réir chineálcheadú AE sa chaoi is go mbeidh sé cáilithe ina dhiaidh sin chun bheith i gcatagóir nó i bhfo-chatagóir éagsúil, beidh siad freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann an t-inneall sin na ceanglais is infheidhme maidir leis an gcatagóir sin nó maidir leis an bhfochatagóir sin.

I gcás ina modhnóidh duine dlítheanach inneall sa chaoi is nach gcomhlíonann sé a thuilleadh na teorainneacha astaíochta is infheidhme maidir leis an inneall sin de réir a chatagóire nó a fhochatagóire, measfar an duine sin a bheith freagrach as a comhlíonadh na dteorainneacha astaíochta sin a athbhunú.

3. Beidh monaróirí freagrach don údarás ceadúcháin as gach gné de phróiseas chineálcheadú AE agus as comhréireacht táirgeachta a áirithiú, beag beann ar iad a bheith páirteach go díreach i ngach céim de dhéantús an innill.

4. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun gur comhréireach i gcónaí leis an gcineál a formheasadh a bheidh an táirgiú a dhéantar i sraitheanna agus chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí inneall inseirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 19.

Athruithe ar dhearadh nó ar shaintréithe chineál innill agus athruithe ar na ceanglais a ndearbhaítear ina leith go bhfuil cineál innill i gcomhréir leo, cuirfear na hathruithe sin san áireamh i gcomhréir le Caibidil VI.

5. Sa bhreis ar an marcáil reachtúil dá dtagraítear in Airteagal 32, déanfaidh monaróirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh san Aontas ar féidir teagmháil a dhéanamh leo a chur ar na hinnill a mhonaraigh siad agus a chuireann siad ar an margadh nó, mura mbeidh sé sin indéanta, ar dhoiciméad a ghabhann leis an inneall.

6. Déanfaidh monaróirí, arna iarraidh sin orthu go réasúnaithe, cóip dhúblach den mharcáil reachtúil dá dtagraítear in Airteagal 15(4) a chur ar fáil don OEM.

7. Áiritheoidh monaróirí, a fhad is a bhíonn siad freagrach as inneall, nach ndéanfar, le coinníollacha stórála nó iompair, comhlíonadh an innill sin leis an gCaibidil seo agus le Caibidil III a chur i mbaol.

8. Déanfaidh monaróirí deimhniú chineálcheadú AE mar aon lena cheangaltáin amhail dá dtagraítear in Airteagal 23(1) agus, i gcás inarb infheidhme, cóip den ráiteas comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 31, a choinneáil ar fáil do na húdaráis cheadúcháin ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis inneall a chur ar an margadh.

9. Déanfaidh monaróirí cóip de dheimhniú chineálcheadú AE d'inneall a sholáthar d'údaráis cheadúcháin, tríd an údarás ceadúcháin, arna iarraidh sin orthu go réasúnaithe. Beidh an chóip sin i dteanga a bheidh éasca don údarás iarrthach náisiúnta a thuiscint.

10. Chun críocha chineálcheadú AE i leith inneall, ceapfaidh monaróirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas ionadaí amháin atá bunaithe laistigh den Aontas le hionadaíocht a dhéanamh ar a son agus iad ag plé leis an údarás ceadúcháin.

11. Chun críocha faireachais margaidh, ceapfaidh monaróirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas ionadaí amháin atá bunaithe laistigh den Aontas, agus is ceadmhach gurb ionann an t-ionadaí sin agus an t-ionadaí dá dtagraítear i mír 10.

*Airteagal 9*

**Oibleagáidí monaróirí maidir le hinnill nach bhfuil comhréireach**

1. Monaróir a bhfuil cúis aige lena mheas nó lena chreidiúint nach bhfuil ceann dá inneall atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh sé fiosrú ar bun láithreach faoi chineál na neamhchomhréireachta amhrasta agus faoin méid is dóigh go dtarlóidh sí.

Ar bhonn thoradh an imscrúdaithe, déanfaidh na monaróirí bearta ceartaitheacha lena áirithiú go ndéanfar na hinnill atá á dtáirgeadh a thabhairt chun comhréireachta, go tráthúil, leis an gcineál innill ceadaithe cheadúcháin nó leis an aicme innill cheadaithe.

Déanfaidh an monaróir an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE a chur ar an eolas láithreach maidir leis an imscrúdú, agus tabharfaidh sé sonraí, go háirithe, faoin neamhchomhréireacht agus aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh.

2. D'ainneoin mhír 1, ní chuirfear de cheangal ar na monaróirí bearta ceartaitheacha a dhéanamh maidir le hinneall nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo mar thoradh ar mhodhnuithe a rinneadh gan údarú an mhonaróra tar éis é a bheith curtha ar an margadh.

*Airteagal 10*

**Oibleagáidí ionadaithe faireachais margaidh na monaróirí**

Comhlíonfaidh ionadaithe faireachais margaidh na monaróirí na cúraimí seo a leanas, ar a laghad, ar nithe iad a shonrófar sa sainordú scríofa a fhaightear ón monaróir:

(a) áiritheoidh siad go bhféadfar deimhniú chineálcheadú AE mar aon lena cheangaltáin amhail dá dtagraítear in Airteagal 23(1) agus, i gcás inarb infheidhme, cóip den ráiteas comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 31, a chur ar fáil do na húdaráis cheadúcháin ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis inneall a chur ar an margadh;

(b) an fhaisnéis agus an doiciméadú go léir atá riachtanach chun a léiriú go bhfuil an chomhréireacht ag gabháil le táirgeadh innill, cuirfidh siad ar fáil don údarás ceadúcháin iad, ar iarraidh réasúnaithe;

(c) rachaidh siad i gcomhar leis na húdaráis cheadúcháin agus faireachais margaidh, arna iarraidh sin dóibh, i leith gníomhaíocht ar bith a dhéanfar faoina sainordú.

*Airteagal 11*

**Oibleagáidí ginearálta allmhaireoirí**

1. Ní chuirfidh allmhaireoirí ar an margadh ach innill chomhréireacha a bhfuil cineálcheadú AE faighte acu.

2. Áiritheoidh allmhaireoirí, sula ndéanfaidh siad inneall a fuair cineálcheadú AE a chur ar an margadh, an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh deimhniú chineálcheadú AE, mar aon lena cheangaltáin amhail dá dtagraítear in Airteagal 23(1), ar fáil;

(b) go mbeidh an mharcáil reachtúil, dá dtagraítear in Airteagal 32, ar an inneall;

(c) go gcomhlíontar Airteagal 8(5) leis an inneall.

3. Ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis inneall a chur ar margadh, déanfaidh allmhaireoirí, i gcás inarb infheidhme, cóip den ráiteas comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 31 a choinneáil ar fáil do na húdaráis cheadúcháin agus faireachais margaidh agus áiritheoidh siad go bhféadfar deimhniú chineálcheadú AE mar aon lena cheangaltáin amhail dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a chur ar fáil do na húdaráis sin, arna iarraidh sin.

4. Déanfaidh allmhaireoirí a n-ainm, a n-ainm cláraithe trádála nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh ar féidir teagmháil a dhéanamh leo a chur ar an inneall, nó i gcás bhfuil sé sin indéanta, i ndoiciméad a ghabhann leis an inneall.

5. Áiritheoidh na hallmhaireoirí go mbeidh an fhaisnéis agus na treoracha dá dtagraítear in Airteagal 43 ag gabháil leis an inneall.

6. Áiritheoidh allmhaireoirí, a fhad is a bhíonn siad freagrach as inneall, nach ndéanfar, le coinníollacha stórála nó iompair, comhlíonadh an innill sin leis an gCaibidil seo nó le Caibidil III a chur i mbaol.

7. Cuirfidh allmhaireoirí ar fáil d'údarás náisiúnta iarrthach, arna iarraidh sin dóibh go réasúnaithe, an fhaisnéis uile agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht innill a léiriú. Beidh an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin i dteanga a bheidh éasca don údarás náisiúnta iarrthach a thuiscint.

*Airteagal 12*

**Oibleagáidí allmhaireoirí maidir le hinnill nach bhfuil comhréireach**

1. Allmhaireoir a bhfuil cúis acu a chreidiúint nó a mheas nach bhfuil inneall comhréireach leis an Rialachán seo, agus go háirithe nach bhfreagraíonn sé do chineálcheadú AE a fuair sé, ní chuirfidh siad an t-inneall ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta.

Déanfaidh na hallmhaireoirí, gan aon mhoill mhíchuí, an méid sin a chur in iúl don mhonaróir agus do na húdaráis faireachais margaidh agus, ina theannta sin, don údarás ceadúcháin a thug cineálcheadú AE.

2. Má tá cúis ag allmhaireoir a chreidiúint nó má mheasann sé nach bhfuil inneall atá curtha ar an margadh i gcomhréir leis an Rialachán seo cuirfidh siad fiosrú ar bun láithreach faoin gcineál neamhchomhréireachta agus faoina mhéid is dócha go dtarlóidh sé.

Ar bhonn thoradh an imscrúdaithe, déanfaidh na hallmhaireoirí bearta ceartaitheacha agus cuirfidh siad na bearta sin in iúl don mhonaróir lena áirithiú go ndéanfar na hinnill atá á dtáirgeadh a chur i gcomhréir leis an gcineál innill ceadaithe nó leis an aicme innill cheadaithe go tráthúil.

*Airteagal 13*

**Oibleagáidí ginearálta dáileoirí**

1. Nuair a chuireann siad inneall ar fáil ar an margadh gníomhóidh dáileoirí le haire chuí i ndáil le ceanglais an Rialacháin seo.

2. Sula gcuirfidh siad inneall ar fáil ar an margadh, fíoróidh dáileoirí an méid seo a leanas:

(a) gur chomhlíon an monaróir Airteagal 8(5);

(b) i gcás inarb infheidhme, gur chomhlíon an t-allmhaireoir Airteagal 11(2) agus (4);

(c) go mbeidh an mharcáil reachtúil dá dtagraítear in Airteagal 32 ar an inneall;

(d) go mbeidh an fhaisnéis agus na treoracha, dá dtagraítear in Airteagal 43, ar fáil i dteanga a fhéadfaidh an OEM a thuiscint go héasca.

3. Áiritheoidh na dáileoirí, a fhad is a bhíonn siad freagrach as inneall, nach ndéanfar, le coinníollacha stórála nó iompair, comhlíonadh na Caibidle seo nó Chaibidil III a chur i mbaol.

4. Arna iarraidh sin go réasúnaithe, áiritheoidh na dáileoirí go gcuirfidh an monaróir an doiciméadacht a shonraítear in Airteagal 8(8) ar fáil don údarás náisiúnta iarrthach nó go gcuirfidh an t-allmhaireoir an doiciméadacht a shonraítear in Airteagal 11(3) ar fáil don údarás náisiúnta iarrthach.

*Airteagal 14*

**Oibleagáidí dáileoirí maidir le hinnill nach bhfuil comhréireach**

1. I gcás ina bhfuil cúis ag dáileoir a chreidiúint nó ina measann sé nach bhfuil inneall i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní chuirfidh siad an t-inneall ar fáil ar an margadh go dtí go dtabharfar chun comhréireachta í.

2. Déanfaidh an dáileoir an méid sin a chur in iúl don mhonaróir nó d'ionadaí an mhonaróra, má tá cúis aige a chreidiúint má mheasann sé nach bhfuil inneall, a chuir sé ar an margadh, i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena áirithiú go nglacfar na bearta ceartaitheacha atá riachtanach le hinnill atá á dtáirgeadh a thabhairt chun comhréireacht leis an gcineál innill ceadaithe nó leis an aicme innill cheadaithe i gcomhréir le hAirteagal 9 nó le hAirteagal 12.

*Airteagal 15*

**Oibleagáidí OEManna maidir le suiteáil inneall**

1. Déanfaidh OEManna innill chineálcheadaithe AE a shuiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é i gcomhréir leis na treoracha a sholáthróidh an monaróir de bhun Airteagal 43(2), agus ar shlí nach ndéanfar difear diúltach d'fheidhmíocht an innill maidir lena chuid astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach.

2. I gcás nach gcloífidh OEM leis na treoracha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó ina modhnóidh sé inneall agus an t-inneall sin á shuiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é sa chaoi is go ndéanfar dochar d'fheidhmíocht an innill i ndáil lena chuid astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach, measfar gur monaróir é an OEM sin chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé, go háirithe, faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 8 agus in Airteagal 9.

3. Déanfaidh OEManna innill chineálcheadaithe AE a shuiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é i gcomhréir leis na cineálacha úsáide eisiaiche sin dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus i gcomhréir leis an úsáid sin amháin.

4. I gcás nach mbeidh marcáil reachtúil an innill dá dtagraítear in Airteagal 32 sofheicthe gan páirteanna a bhaint, déanfaidh an OEM an mharcáil chéanna agus a sholáthair an monaróir, amhail dá dtagraítear san Airteagal sin agus sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha í, agus í sofheicthe, a ghreamú ar an innealra soghluaiste nach innealra bóthair é.

5. I gcás ina ndéanfar innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, agus ina bhfuil inneall idirthréimhseach suiteáilte, a chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 58(5), léireoidh OEManna dáta táirgthe an mheaisín shoghluaiste nach meaisín bóthair é mar chuid den mharcáil ar an meaisín.

6. I gcás go ndéanfaidh monaróir inneall agus a chóras iarchóireála sceite a sheachadadh do OEM, neamhspleách ar a chéile, i gcomhréir le hAirteagal 34(3), déanfaidh an OEM, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis faoi chóimeáil an innill agus a chórais iarchóireála sceite a sholáthar don mhonaróir.

*Airteagal 16*

**Cur i bhfeidhm oibleagáidí monaróirí i leith allmhaireoirí agus dáileoirí**

Allmhaireoir nó dáileoir a chuirfidh inneall ar fáil ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó a mhodhnóidh an t-inneall sin ar bhealach a fhéadfaidh difear a dhéanamh do chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme, measfar gur monaróir é chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé, go háirithe, faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 8 agus in Airteagal 9.

*Airteagal 17*

**Oibleagáid atá ar oibreoirí eacnamaíocha agus OEManna fógra a thabhairt**

Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha agus OEManna, arna iarraidh sin orthu, fógra a thabhairt faoin méid seo a leanas do na húdaráis cheadúcháin agus faireachais margaidh, ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta a gcuirtear ar an margadh:

(a) aon oibritheoir eacnamaíoch a sholáthair inneall dóibh;

(b) aon oibritheoir eacnamaíoch nó, i gcás inarb inaitheanta, aon OEM ar sholáthair siad inneall dóibh.

CAIBIDIL III

**CEANGLAIS SHUBSTAINTEACHA**

*Airteagal 18*

**Ceanglais maidir le hastaíochtaí sceite le haghaidh cineálcheadú AE**

1. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh cineálacha innill agus aicmí inneall deartha, tógtha agus cóimeáilte d'fhonn na ceanglais a leagtar síos i gCaibidil II agus sa Chaibidil seo a chomhlíonadh.

2. Amhail ón dáta leis na hinnill atá leagtar amach in Iarscríbhinn III a chur ar an margadh, ní sháróidh cineálacha innill agus aicmí inneall na teorainnluachanna astaíochtaí sceite a luaitear mar Chéim V agus a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Nuair a chlúdaíonn aicme amháin inneall níos mó ná raon cumhachta amháin de réir na bparaiméadar a shainíonn an aicme inneall a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha, beidh an méid seo a leanas fíor i gcás an mháthair-innill (chun críocha chineálcheadú AE) agus i gcás gach cineáil innill san aicme chéanna (chun críocha comhréireachta táirgeachta), maidir leis na raonta cumhachta infheidhme:

(a) cloífidh siad leis na teorainnluachanna astaíochtaí is déine;

(b) déanfar iad a thástáil ag úsáid na dtimthriallta tástála a fhreagraíonn do na teorainnluachanna astaíochtaí is déine;

(c) beidh siad faoi réir na ndátaí is luaithe is infheidhme le haghaidh cineálcheadú AE agus le haghaidh cur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

3. Déanfar astaíochtaí sceite cineálacha innill agus aicmí inneall a thomhas ar bhonn na dtimthriallta tástála a leagtar amach in Airteagal 24 agus i gcomhréir le hAirteagal 25.

4. Déanfar cineálacha inneall agus aicmí inneall a dhearadh agus a fheistiú le straitéisí rialaithe astaíochtaí sa chaoi is go ndéanfar crioscaíl a chosc a mhéid is féidir. Déanfar úsáid straitéisí uathmhaolaithe a thoirmeasc.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na mionsonraí i dtaca leis na paraiméadair a bheidh le húsáid le haghaidh cineálacha innill agus aicmí innill, lena n-áirítear a gcuid modhanna oibrithe, a shainmhíniú, agus na mionsonraí teicniúla le haghaidh gníomhaíochtaí chun crioscaíl amhail dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a chosc. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2016 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

*Airteagal 19*

**Faireachán ar astaíochtaí inneall inseirbhíse**

1. Maidir le hastaíochtaí truailleán gásach ó innill a bhaineann le cineálacha inneall nó aicmí inneall ar Chéim V maidir le hastaíochtaí, atá cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfar faireachán ar trí thástáil a dhéanamh ar innill inseirbhíse agus atá suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus a oibrítear thar a ngnáth-thimthriallta dualgais oibriúcháin. Déanfar tástáil den sórt sin, faoi chúram an mhonaróra agus i gcomhréir le ceanglais an údaráis ceadúcháin, ar innill a cothabháladh i gceart agus beidh sí i gcomhréir leis na forálacha maidir le roghnú na n-inneall, le nósanna imeachta tástála agus le torthaí do na catagóirí éagsúla inneall a thuairisciú.

Déanfaidh an Coimisiún cláir phíolótacha d'fhonn nósanna imeachta tástála iomchuí a fhorbairt do na catagóirí agus na fochatagóirí innill nach bhfuil nósanna imeachta tástála den sórt sin ann ina leith.

Cuirfidh an Coimisiún cláir faireacháin i gcrích i gcás gach catagóire innill chun a chinneadh cá mhéid a fhreagraíonn na hastaíochtaí a thomhaistear sa timthriall tástála do na hastaíochtaí a thomhaistear san oibriú iarbhír. Bainfear leas as na cláir sin agus as na torthaí a bheidh orthu chun cur i láthair a dhéanamh do na Ballstáit ar bhonn bliantúil agus chun teachtaireacht a chur chuig an bpobal ina dhiaidh sin.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 chun an rialachán seo a fhorlíonadh le socruithe mionsonraithe i dtaca le hinnill, le nósanna imeachta tástála agus le tuairisciú torthaí a dtagraítear dóibh i mír 1 den Airteagal seo a roghnú. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin 31 Nollaig 2016.

CAIBIDIL IV

**NÓSANNA IMEACHTA CINEÁLCHEADÚ AE**

*Airteagal 20*

**Iarratas ar chineálcheadú AE**

1. Cuirfidh monaróirí iarratas ar leith isteach le haghaidh gach cineálcheadú AE do chineál innill nó d'aicme innill chuig údarás ceadúcháin Ballstáit, agus beidh an fillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 21 ag gabháil le gach iarratas. Ní chuirfear ach aon iarratas amháin isteach i leith cineál áirithe innill nó, i gcás inarb infheidhme, i leith aicme áirithe inneall, agus is chuig aon údarás ceadúcháin amháin a chuirfear isteach é.

2. Maidir le hinneall atá i gcomhréir le cineál innill, nó i gcás aicme inneall, saintréithe an mháthair-innill a bhfuil a thuairisc san fhillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 21, cuirfidh monaróirí ar fáil é don tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha do chineálcheadú AE a dhéanamh.

3. I gcás iarratas le haghaidh cineálcheadú AE d'aicme inneall, má dheimhníonn an t-údarás ceadúcháin, maidir leis an máthair-inneall dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, nach bhfuil an t-iarratas atá curtha isteach ionadaíoch go hiomlán don aicme inneall a bhfuil a tuairisc san fhillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 21, déanfaidh monaróirí inneall malartach agus, más gá, máthair-inneall breise a mheasann an t-údarás ceadúcháin é a bheith ionadaíoch don aicme inneall, a chur ar fáil le haghaidh cineálcheadú AE.

4. Laistigh de mhí amháin ó thús a chur le táirgeadh an chineáil innill cheadaithe nó na haicme innill cheadaithe, déanfaidh na monaróirí an plean tosaigh maidir le faireachán a dhéanamh ar innill inseirbhíse a chur isteach chuig an údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE don chineál innill sin nó, i gcás inarb infheidhme, don aicme innill sin.

*Airteagal 21*

**Fillteán faisnéise**

1. Cuirfidh an t-iarratasóir fillteán faisnéise ar fáil don údarás ceadaithe, ar fillteán é ina n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) doiciméad faisnéise, lena n-áireofar liosta de bhreoslaí tagartha agus, i gcás ina n-iarrfaidh an monaróir é, d'aon bhreoslaí eile, d'aon mheascáin breosla eile agus d'aon eibleachtaí breosla eile a shonraítear in Airteagal 25(2) agus a bhfuil cur síos déanta orthu i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 25(4) ("an doiciméad faisnéise");

(b) na sonraí, na líníochtaí agus na grianghraif ábhartha uile agus gach faisnéis ábhartha eile a bhaineann leis an gcineál innill nó, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an máthair-inneall;

(c) aon fhaisnéis bhreise a iarrfaidh an t-údarás ceadúcháin i gcomhthéacs nós imeachta an iarratais ar chineálcheadú AE.

2. Is féidir an fillteán faisnéise a sholáthar i bhfoirm páipéir nó i bhformáid leictreonach lena nglacann an tseirbhís theicniúil agus an t-údarás ceadúcháin.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléid a leagan síos don doiciméad faisnéise agus don fhillteán faisnéise. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh, faoin 31 Nollaig 2016, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

CAIBIDIL V

## NÓSANNA IMEACHTA CINEÁLCHEADAITHE AE A DHÉANAMH

*Airteagal 22*

### Forálacha ginearálta

1. Déanfaidh an t-údarás ceadúcháin a gheobhaidh an t-iarratas cineálcheadú AE a dheonú do gach cineál innill nó d'aicme inneall a bheidh i gcomhréir le gach ceann díobh seo a leanas:

(a) na sonraí san fhillteán faisnéise;

(b) ceanglais an Rialacháin seo, agus go háirithe, comhréireacht na socruithe táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 26.

2. I gcás ina gcomhlíonann inneall na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ní dhéanfaidh na húdaráis cheadúcháin aon cheanglais eile maidir le cineálcheadú AE a fhorchur i ndáil le hastaíochtaí sceite d'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ina bhfuil inneall den sórt sin suiteáilte,.

3. Tar éis na dátaí maidir le cineálcheadú AE i dtaca leis na hinnill a leagtar amach in Iarscríbhinn III le haghaidh gach fo-chatagóra innill, ní dheonóidh na húdaráis cheadúcháin cineálcheadú AE do chineál innill ná d'aicme inneall nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

4. Déanfar deimhnithe ar chineálcheadú AE a uimhriú i gcomhréir le córas comhchuibhithe a bheidh le leagan síos ag an gCoimisiún.

5. Trí bhíthin IMI, déanfaidh an t-údarás ceadúcháin an méid seo a leanas:

(a) liosta de chineálcheaduithe AE a dheonaigh sé nó, i gcás inarb infheidhme, ar chuir sé leis, a chur ar fáil d'údaráis cheadúcháin na mBallstát eile laistigh de mhí amháin tar éis dó an deimhniú comhfhreagrach ar chineálcheadú a eisiúint;

(b) liosta de chineálcheaduithe AE ar dhiúltaigh sé dóibh nó a tharraing sé siar a chur ar fáil gan mhoill d'údaráis cheadúcháin na mBallstát eile, maille leis na cúiseanna atá leis an gcinneadh;

(c) cóip den deimhniú ar chineálcheadú AE chineál an innill nó aicme an innill, i gcás inarb ann dó, a sheoladh chuig an údarás ceadúcháin sin laistigh de mhí amháin tar éis dó iarraidh a fháil ó údarás ceadúcháin Bhallstáit eile, maille leis an bpacáiste faisnéise dá dtagraítear i mír 6 do gach cineál innill lenar ghlac sé, ar dhiúltaigh sé dó nó a tharraing sé siar, nó do gach aicme inneall lenar ghlac sé, ar dhiúltaigh sé di, nó an cineálcheadú AE a tharraing sé siar.

6. Cuirfidh an t-údarás ceadúcháin le chéile pacáiste faisnéise ina mbeidh an fillteán faisnéise maille leis an tuarascáil tástála agus le gach doiciméad eile a chuir an tseirbhís teicniúil nó an t-údarás ceadúcháin leis an bhfillteán faisnéise agus iad i mbun a bhfeidhmeanna ("an pacáiste faisnéise").

Áireofar sa phacáiste faisnéise innéacs lena liostaítear a hinneachar, a bheidh uimhrithe go hoiriúnach nó marcáilte ar chaoi eile d'fhonn na leathanaigh uile agus formáid gach doiciméid a shainaithint go soiléir chun taifead ar na céimeanna leanúnacha i mbainistiú chineálcheadú AE, go háirithe ar dhátaí na n-athbhreithnithe agus na nuashonraithe, a chur ar fáil.

Áiritheoidh an t-údarás ceadúcháin go ndéanfar an fhaisnéis atá sa phacáiste faisnéise a choinneáil ar fáil go ceann tréimhse 25 bliana ar a laghad tar éis do bhailíocht chineálcheadú AE lena mbaineann dul in éag.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lean leagtar síos an méid seo a leanas:

(a) an modh chun an córas comhchuibhithe uimhrithe dá dtagraítear i mír 4 a bhunú;

(b) na teimpléid agus struchtúr na sonraí maidir leis na sonraí dá dtagraítear i mír 5 a mhalartú.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh, faoin 31 Nollaig 2016, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

*Airteagal 23*

**Forálacha sonracha maidir leis an deimhniú ar chineálcheadú AE**

1. Beidh na ceangaltáin seo a leanas san áireamh sa deimhniú ar chineálcheadú AE,:

(a) an pacáiste faisnéise;

(b) i gcás inarb infheidhme, ainmneacha agus sampla de shínithe na ndaoine a n-údaraítear dóibh ráitis comhréireachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 31 a shíniú mar aon le léiriú ar a ról sa chuideachta.

2. Leagfaidh an Coimisiún síos teimpléad don deimhniú ar chineálcheadú AE.

3. Maidir le gach cineál innill nó gach aicme inneall a ceadaíodh, déanfaidh an t-údarás ceadúcháin an méid seo a leanas:

(a) ranna ábhartha uile an deimhnithe ar chineálcheadú AE a chomhlánú agus an tuarascáil tástála a chur i gceangal;

(b) an t-innéacs leis an bpacáiste faisnéise a thiomsú;

(c) an deimhniú comhlánaithe, maille leis na ceangaltáin, a eisiúint don iarratasóir gan mhoill.

4. I gcás cineálcheadú AE a tugadh, i gcomhréir le hAirteagal 35, faoi réir srianta maidir lena bhailíocht, nó i gcás inar díolmhaíodh an cineál innill nó an aicme innill ó cheanglais áirithe de chuid an Rialacháin seo, déanfar na srianta nó na díolúintí sin a shonrú sa deimhniú ar chineálcheadú AE.

5. Féadfaidh na Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an teimpléad don deimhniú ar chineálcheadú AE dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a leagan síos. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2016, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

*Airteagal 24*

**Tástálacha arna gceangal le haghaidh cineálcheadú AE**

1. Léireofar comhlíonadh na saintreoracha teicniúla a leagtar síos sa Rialachán seo trí bhíthin tástálacha iomchuí a dhéanfaidh seirbhísí teicniúla ainmnithe. Maidir leis na nósanna imeachta tomhais agus leis na nósanna imeachta tástála agus freisin maidir leis an trealamh agus leis na huirlisí faoi leith a úsáidtear chun na tástálacha sin a dhéanamh, déanfar iad a leagan síos in Airteagal 25.

2. Déanfaidh an monaróir a oiread inneall a bhfuil gá leo faoi na gníomhartha tarmligthe ábhartha a chur ar fáil don údarás ceadúcháin chun na tástálacha a cheanglaítear a dhéanamh.

3. Déanfar na tástálacha is gá ar innill atá ionadaíoch do chineál an innill nó, i gcás inarb infheidhme, do mháthair-inneall na haicme innill atá le ceadú.

In ainneoin na chéad fhomhíre, féadfaidh an monaróir, le comhaontú an údaráis ceadaithe, inneall a roghnú ina gcomhcheanglaítear roinnt de na gnéithe is míbhuntáistí i ndáil leis an leibhéal feidhmíochta is gá, cé nach inneall ionadaíoch é do chineál an innill ná, i gcás inarb infheidhme, do mháthair-inneall na haicme innill atá le ceadú. Féadfar modhanna tástála fíorúla a úsáid chun cabhrú leis an gcinnteoireacht i rith an phróisis roghnaithe.

4. Chun críocha tástálacha ar chineálcheadú AE a dhéanamh, is in Iarscríbhinn IV a leagtar amach na timthriallta tástála sin is infheidhme Cuirfear in iúl sa doiciméad faisnéise na timthriallta tástála is infheidhme maidir le gach cineál innill a chuirtear san áireamh i gcineálcheadú AE.

5. Déanfar inneall atá ionadaíoch do chineál an innill nó, i gcás inarb infheidhme, do mháthair-inneall na haicme innill, nó inneall arna roghnú i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 3, a thástáil ar dhinimiméadar agus úsáid á baint as an timthriall foistine neamhbhóthair tástála a shainaithnítear i dTábla IV-1 go Tábla IV-10 d'Iarscríbhinn IV. Féadfaidh na monaróir roghnú an tástáil seo a dhéanamh agus úsáid á baint as an modh móid scoite tástála nó as an modh rampa-mhodúil tástála. Seachas sna cásanna dá dtagraítear i mír 7 agus i mír 8, ní gá an timthriall foistine luais seasmhaigh tástála a úsáid chun tástáil a dhéanamh ar inneall luais athraithigh i gcatagóir ar leith a úsáidtear in oibríocht luais seasmhaigh atá sa chatagóir chéanna.

6. I gcás innill le rialtóir is féidir a shocrú ag luas malartach, freastalófar ar cheanglais mhír 5 ag gach luas seasmhach is infheidhme agus cuirfear in iúl sa doiciméad faisnéise ar chineálcheadú na luasanna is infheidhme do gach cineál innill.

7. I gcás innill i gcatagóir IWP a cheaptar lena úsáid in oibríocht luais éagsúil agus in oibríocht luais seasmhaigh araon, comhlíonfar go leithleach ceanglais mhír 5 maidir le gach timthriall foistine tástála is infheidhme agus cuirfear in iúl sa doiciméad faisnéise gach timthriall foistine tástála ar comhlíonadh na ceanglais sin ina leith.

8. I gcás innill i gcatagóir IWP a cheaptar lena úsáid in áit innill i gcatagóir IWA i gcomhréir le hAirteagal 4(2), comhlíonfar ceanglais mhír 5 den Airteagal seo maidir le gach timthriall foistine tástála is infheidhme a leagtar amach i dTábla IV-5 agus i dTábla IV-6 d'Iarscríbhinn IV agus cuirfear in iúl sa doiciméad faisnéise gach timthriall foistine tástála ar comhlíonadh an ceanglas sin ina leith.

9. Cé is moite d'innill a cineálcheadaíodh de bhun Airteagail 34(5) agus (6), maidir le hinnill luais athraithigh sa chatagóir NRE a bhfuil glanchumhacht atá níos mó ná, nó atá cothrom le, 19 kW acu ach nach bhfuil níos mó ná 560 kW, chomh maith le ceanglais mhír 5 den Airteagal seo a chomhlíonadh, déanfar iad a thástáil ar dhinimiméadar agus úsáid á baint as an timthriall díomuan tástála a shainaithnítear i dTábla IV-11 d'Iarscríbhinn IV.

10. Maidir le hinnill i bhfochatagóir NRS-v-2b agus i bhforchatagóir NRS-v-3 a bhfuil uasluas atá níos lú ná, nó atá cothrom le, 3 400 rpm acu, chomh maith le ceanglais mhír 5 a chomhlíonadh, déanfar iad a thástáil ar dhinimiméadar agus úsáid á baint as an timthriall díomuan tástála a shainaithnítear i dTábla IV-12 d'Iarscríbhinn IV.

11. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 lena gcomhlánaítear an rialachán seo trí na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe agus saintréithe an timthrialla foistine tástála agus an timthrialla dhíomuain dá dtagraítear san Airteagal seo a leagan síos, lena n-áirítear an modh comhfhreagrach maidir le hualach innill agus le socruithe luais a chinneadh. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin 31 Nollaig 2016.

12. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos formáid aonair na dtástálacha is gá do chineálcheadú AE. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2016, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

*Airteagal 25*

**Tomhas agus tástálacha a dhéanamh le haghaidh cineálcheadú AE**

1. Déanfar na torthaí críochnaitheacha ar an tástáil ar astaíochtaí sceite d'innill atá faoi réir an Rialacháin seo a áireamh tríd an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí ar an tástail saotharlainne:

(a) astaíochtaí gás ó chás an chromáin, i gcás ina gceanglaítear amhlaidh faoi mhír 3 agus mura n-áirítear cheana sa thomhas saotharlainne iad,;

(b) aon fachtóirí coigeartaithe is gá, i gcás ina gceanglaítear amhlaidh faoi mhír 3 agus i gcás ina bhfuil córas iarchóireála sceite athghiniúnach san inneall,;

(c) i leith gach inneall, fachtóirí meathlaithe atá oiriúnach do na treimhsí buanfais astaíochta a shonraítear in Iarscríbhinn V.

2. Maidir leis an gcineál innill nó an aicme innill a thástáil chun a chinneadh an ndéanann sé na teorainneacha astaíochtaí sceite a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh, déanfar í agus úsáid á baint as na breoslaí tagartha seo a leanas nó as na teaglamaí breosla seo a leanas, de réir mar is iomchuí:

(a) díosal;

(b) peitreal;

(c) meascán peitril/ola d'innill débhuille SI;

(d) gás nádúrtha/bithmheatáin;

(e) gás peitriliam leachtaithe (GPL);

(f) eatánól.

Ina theannta sin, comhlíonfaidh an cineál innill nó an aicme inneall na teorainneacha maidir le hastaíochtaí sceite a leagtar amach sa Rialachán seo i leith aon bhreoslaí eile, d'aon mheascáin breosla eile agus d'aon eibleachtaí breosla eile a áiríonn monaróir in iarratas ar chineálcheadú AE agus a shonraítear san fhillteán faisnéise.

3. A mhéid a bhaineann le tomhais agus le tástálacha a dhéanamh, comhlíonfar na ceanglais theicniúla i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) gléasanna agus nósanna imeachta chun na tástálacha a dhéanamh;

(b) gléasanna agus nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a thomhas agus a shampláil;

(c) modhanna chun sonraí a mheasúnú agus a ríomh;

(d) modhanna chun fachtóirí meathlaithe a chinntiú;

(e) maidir le hinnill i gcatagóirí NRE, NRG, IWP, IWA, RLR, NRS, NRSh, SMB agus ATS, a chomhlíonann teorainneacha astaíochtaí "Chéim V" mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II iad:

   (i) modhanna chun astaíochtaí gás ó chás an chromáin a chur san áireamh;

   (ii) modhanna chun athghiniúint leanúnach nó athghiniúint annamh na gcóras iarchóireála sceite a chinneadh agus a chur san áireamh;

(f) i dtaca le hinnill a rialaítear go leictreonach i gcatagóirí NRE, NRG, IWP, IWA, RLL agus RLR, a chomhlíonann teorainneacha astaíochtaí "Chéim V" mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II iad agus lena n-úsáidtear rialú leictreonach chun cainníocht insteallta an bhreosla agus uainiú insteallta an bhreosla araon a chinntiú nó lena n-úsáidtear rialú leictreonach chun an córas rialaithe astaíochtaí a úsáidtear chun $NO_x$ a laghdú a ghníomhachtú, a dhíghníomhachtú nó a mhodhnú:

   (i) straitéisí rialaithe astaíochtaí, agus áireofar iontu na doiciméid is gá chun na straitéisí sin a léiriú;

   (ii) bearta rialaithe $NO_x$, agus áireofar iontu an modh a úsáidtear chun na bearta rialaithe sin a léiriú;

   (iii) ceanglais theicniúla maidir leis an limistéar atá bainteach leis an timthriall tástála foistine neamhbhóthair lena mbaineann, ar limistéar é a ndéantar rialú laistigh de ar an méid faoina gceadaítear d'astaíochtaí na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a shárú;

   (iv) roghnú phointí breise tomhais ag an tseirbhís theicniúil ón limistéar rialaithe i rith tagarthástáil na hastaíochta.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 55 ina leagfar amach an méid seo a leanas:

(a) an mhodheolaíocht chun na torthaí ar an tástáil saotharlainne ar an astaíocht a oiriúnú chun na fachtóirí meathlaithe dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 a chur san áireamh;

(b) saintréithe teicniúla na mbreoslaí tagartha dá dtagraítear i mír 2 agus, i gcás inarb infheidhme, na ceanglais maidir leis an gcur síos ar aon bhreoslaí eile, ar aon mheascáin breosla eile nó ar aon eibleachtaí breosla eile a liostaítear san fhillteán faisnéise;

(c) na ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus na saintréithe chun na tomhais agus na tástálacha dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh;

(d) an modh a úsáidtear chun PN a thomhas, agus na sonraíochtaí a tugadh i sraith 06 de Rialachán UNECE Uimh. 49 á gcur san áireamh;

(e) na ceanglais theicniúla mhionsonraithe is infheidhme chun tástáil a dhéanamh ar na hinnill dhébhreosla nó ar na hinnill aonbhreosla ghásbhreoslaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.

Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin 31 Nollaig 2016.

*Airteagal 26*

**Socruithe maidir le comhréireacht táirgeachta**

1. Déanfaidh údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE na bearta is gá maidir leis an gcineálcheadú AE sin chun a fhíorú, i gcás inar gá i gcomhar le húdaráis cheadúcháin na mBallstát eile, go ndearnadh socruithe leordhóthanacha chun a áirithiú go mbeidh na hinnill atá á dtáirgeadh i gcomhréir leis an gcineál a cheadaítear maidir le ceanglais an Rialacháin seo.

2. Déanfaidh údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE na bearta is gá maidir leis an gcineálcheadú AE sin chun a fhíorú go bhfuil na ráitis chomhréireachta arna n-eisiúint ag an monaróir i gcomhréir le hAirteagal 31.

3. Déanfaidh údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE na bearta is gá maidir leis an gcineálcheadú AE sin chun a fhíorú, i gcás inar gá i gcomhar le húdaráis cheadúcháin na mBallstát eile, go bhfuil na socruithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo leordhóthanach i gcónaí a mhéid a leanfaidh innill atá á dtáirgeadh i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe, i gcás inarb infheidhme, go leanfaidh ráitis chomhréireachta de bheith i gcomhréir le hAirteagal 31.

4. D'fhonn a fhíorú go bhfuil inneall i gcomhréir leis an gcineál a cheadaítear, féadfaidh an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE ceann ar bith de na seiceálacha nó de na tástálacha is gá do chineálcheadú AE a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ar áitribh an mhonaróra, lena n-áirítear ar shaoráidí táirgthe an mhonaróra.

5. I gcás ina ndearbhóidh údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE nach bhfuil na socruithe dá dtagraítear i mír 1 á gcur i bhfeidhm, go n-imíonn siad go mór ó na socruithe arna n-aontú amhail dá dtagraítear i mír 1, nach gcuirtear i bhfeidhm a thuilleadh iad, nó nach meastar a bheith leordhóthanach a thuilleadh, cé go leantar den táirgeadh, déanfaidh sé na bearta is gá chun a áirithiú go leanfar i gceart an nós imeachta maidir le comhréireacht an táirgthe nó tarraingeoidh sé siar cineálcheadú AE.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 lena bhforlíontar an Rialachán trí na bearta mionsonraithe a leagan síos atá le glacadh agus na nósanna imeachta atá le leanúint ag na húdaráis cheadúcháin d'fhonn a áirithiú go mbeidh na hinnill atá á dtáirgeadh i gcomhréir leis an gcineál a cheadaítear. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin 31 Nollaig 2016.

CAIBIDIL VI

**LEASUITHE AR CHINEÁLCHEADUITHE AE AGUS BAILÍOCHT CHINEÁLCHEADAITHE AE**

*Airteagal 27*

**Forálacha ginearálta**

1. Déanfaidh an monaróir aon athrú ar na sonraí sa phacáiste faisnéise a chur in iúl gan mhoill don údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE.

I gcás athrú den sórt sin, déanfaidh an t-údarás ceadúcháin sin cinneadh maidir le cé acu de na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 28 atá le leanúint.

I gcás inar gá, féadfaidh an t-údarás ceadúcháin a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an monaróir, go bhfuil cineálcheadú nua AE le deonú.

2. Ní dhéanfar iarratas ar leasú ar chineálcheadú AE a thíolacadh ach amháin don údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú bunaidh AE.

3. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás ceadaithe, chun críocha leasú a dhéanamh, gur gá an t-iniúchadh nó na tástálacha a dhéanamh arís, cuirfidh sé an monaróir ar an eolas dá réir sin.

Ní bheidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 28 ach amháin i gcás ina mbainfidh an t-údarás ceadúcháin de thátal as, ar bhonn na n-iniúchtaí nó na dtástálacha sin, go bhfuil ceanglais chineálcheadú AE á gcomhlíonadh i gcónaí.

*Airteagal 28*

**Cineálcheaduithe AE a athbhreithniú agus a fhadú**

1. I gcás inar athraíodh na sonraí sa phacáiste faisnéise, gan gá le hiniúchtaí ná le tástálacha a dhéanamh arís, tabharfar "athbhreithniú" ar leasú den sórt sin.

I gcás athbhreithniú den sórt sin, déanfaidh an t-údarás ceadúcháin, gan mhoill, leathanaigh ábhartha an phacáiste faisnéise a athbhreithniú de réir mar is gá, agus gach ceann acu á mharcáil chun cineál an leasaithe a thaispeáint go soiléir, agus luafar inti dáta an leasaithe, agus áireofar innéacs athbhreithnithe a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise. Measfar go gcomhlíontar ceanglas na míre seo le leagan comhdhlúite, nuashonraithe, a mbeidh tuairisc mhionsonraithe ar na leasuithe ag gabháil leis.

2. Maidir le haon leasú amhail dá dtagraítear i mír 1, tabharfar "síneadh" air i gcás inar athraíodh na sonraí sa phacáiste faisnéise agus i gcás ina dtarlóidh aon cheann díobh seo a leanas:

(a) is gá iniúchtaí breise nó tástálacha breise a dhéanamh;

(b) athraíodh aon fhaisnéis a áirítear sa deimhniú ar chineálcheadú AE, cé is moite de na ceangaltáin a ghabhann leis;

(c) tagann ceanglas nua a leagtar amach sa Rialachán seo nó i ngníomh tarmligthe nó i ngníomh cur chun feidhme a ghlactar de bhun an rialacháin seo chun bheith infheidhme maidir leis an gcineál innill a cheadaítear nó leis an aicme inneall a cheadaítear.

I gcás sínidh, déanfaidh an t-údarás ceadúcháin deimhniú nuashonraithe ar chineálcheadú AE a leagan síos, a léireofar le huimhir sínidh a dhéanfar a mhéadú i gcomhréir le líon na síntí leanúnacha a deonaíodh cheana. Leis an deimhniú sin ar chineálcheadú AE, cuirfear in iúl go soiléir an chúis atá leis an síneadh agus dáta an tsínidh.

3. Gach uair a leasaítear leathanaigh den phacáiste faisnéise nó a bhunaítear leagan comhdhlúite nuashonraithe, déanfar an t-innéacs a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise a ghabhann leis an deimhniú ar chineálcheadú AE a leasú dá réir sin, chun dáta an tsínidh is déanaí nó an athbhreithnithe is déanaí, nó dáta an chomhdhlúthaithe is déanaí ar an leagan nuashonraithe a léiriú.

4. Ní bheidh aon ghá le leasú a dhéanamh ar chineálcheadú AE chineál innill nó aicme inneall mura mbeidh baint, ó thaobh cúrsaí teicniúla de, ag na ceanglais nua dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 leis an gcineál sin innill nó leis an aicme sin innill maidir le feidhmíocht astaíochta.

*Airteagal 29*

**Leasuithe a eisiúint agus fógra a thabhairt fúthu**

1. I gcás leasú ar chineálcheadú AE, déanfaidh an t-údarás ceadúcháin an deimhniú nuashonraithe ar chineálcheadú AE a eisiúint don iarratasóir gan mhoill nach bhfuil bonn cirt léi, lena n-áirítear na ceangaltáin a ghabhann leis agus an t-innéacs a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise, amhail dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 28(1).

2. I gcás athbhreithniú ar chineálcheadú AE, déanfaidh an t-údarás ceadúcháin na doiciméid athbhreithnithe nó an leagan comhdhlúite, nuashonraithe, de réir mar is iomchuí, a eisiúint don iarratasóir gan mhoill nach bhfuil bonn cirt léi, lena n-áirítear an t-innéacs athbhreithnithe a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise agus dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 28(2).

3. Tabharfaidh an t-údarás ceadúcháin fógra faoi aon leasú a dhéantar ar chineálcheaduithe AE, trí bhíthin IMI, d'údaráis cheadúcháin na mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 22(5).

*Airteagal 30*

**Bailíocht chineálcheadú AE**

1. Eiseofar cineálcheaduithe AE ar feadh tréimhse neamhtheoranta.

2. Tiocfaidh cineálcheadú AE ar inneall chun bheith neamhbhailí i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) maidir leis na ceanglais nua is infheidhme i ndáil leis an gcineál innill a cheadaítear nó, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an aicme inneall, i gcás ina mbeidh siad éigeantach maidir le cur ar an margadh agus i gcás nach féidir cineálcheadú AE a shíneadh nó a athbhreithniú dá réir sin;

(b) i gcás ina scoirfear go cinntitheach agus go toilteanach den chineál ceadaithe innill nó den aicme cheadaithe innill a tháirgeadh;

(c) i gcás ina rachaidh bailíocht chineálcheadú AE in éag i ngeall ar shrian i gcomhréir le hAirteagal 35(3);

(d) i gcás inar tarraingíodh siar cineálcheadú AE i gcomhréir le hAirteagal 26(5), le hAirteagal 39(1) nó le hAirteagal 40(3).

3. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh bailíocht chineálcheadú AE i dtaca le cineál innill laistigh d'aicme inneall, agus maidir leis an gcineál sin amháin, ní rachaidh cineálcheadu AE na haicme innill atá faoi thrácht in éag ach amháin a mhéid agus a mbaineann sé leis an gcineál áirithe innill sin.

4. I gcás ina scoirfear go cinntitheach de chineál áirithe innill nó, i gcás inarb infheidhme, d'aicme inneall, a tháirgeadh, tabharfaidh an monaróir fógra faoin scor sin don údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE comhfhreagrach.

Laistigh de mhí amháin tar éis an fógra dá dtagraítear i bhfomhír 1 a fháil, déanfaidh an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE don chineál innill nó don aicme inneall é sin a chur in iúl d'údaráis cheadúcháin na mBallstát eile dá réir sin.

5. Gan dochar do mhír 4, i gcásanna a bhfuil cineálcheadú AE d'inneall nó, i gcás inarb infheidhme, d'aicme inneall in am a bheith neamhbhailí, tabharfaidh an monaróir fógra faoin bhfíric sin don údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE comhfhreagrach.

I gcásanna den sórt sin, seolfaidh an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE gach faisnéis ábhartha chuig údaráis cheadúcháin na mBallstát eile gan mhoill.

Sonróidh an scéala sin go háirithe, dáta táirgthe agus uimhir aitheantais an innill dheireanaigh a táirgeadh.

6. Measfar na ceanglais i dtaca le fógra a thabhairt dá dtagraítear i mír 4 agus mír 5 a bheith comhlíonta má dhéantar an fhaisnéis ábhartha a uaslódáil chuig IMI.

CAIBIDIL VII

**RÁITEAS COMHRÉIREACHTA AGUS MARCÁLACHA**

*Airteagal 31*

**Ráiteas comhréireachta**

1. Soláthróidh an monaróir, ina cháil mar shealbhóir chineálcheadú AE do chineál innill nó d'aicme inneall, ráiteas comhréireachta ("ráiteas comhréireachta") a ghabhann le hinnill a chuirtear ar an margadh, ar bhonn an méid a leanas:

(a) díolúine dá dtagraítear in Airteagal 34(2), (4), (5), (6), (7) nó (8), in Airteagal 35(4); nó

(b) foráil idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 58(9), (10) nó (11).

Sonrófar sa ráiteas comhréireachta gnéithe agus srianta áirithe a bhfuil feidhm le bheith acu maidir leis an inneall agus déanfar iad a sheachadadh saor in aisce in éineacht leis an inneall, agus gabhfaidh sé leis an meaisín soghluaiste nach meaisín bóthair é ina suiteáiltear an t-inneall. Ní bheidh seachadadh an deimhnithe ag brath ar iarraidh shainráite a dhéanamh ar an monaróir nó ar fhaisnéis bhreise a chur isteach chuige. Féadfar an ráiteas comhréireachta a sheachadadh i bhfoirm chomhaid shlán leictreonaigh freisin.

Ar feadh tréimhse 10 mbliana i ndiaidh dáta táirgthe an innill, eiseoidh monaróir an innill, ar iarraidh úsáideoir deiridh an innill, macasamhail den ráiteas comhréireachta in aghaidh méid a íoc nach sáraíonn costas a eisiúna. Beidh an focal "macasamhail" infheicthe go soiléir ar aon dúblach den sórt sin de ráiteas comhréireachta.

2. Déanfar an ráiteas comhréireachta a tharraingt suas in aon teanga amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais.

Féadann aon Bhallstát a iarraidh ar an monaróir go n-aistreofar an ráiteas comhréireachta ina theanga oifigiúil féin nó ina theangacha oifigiúla féin.

3. Maidir leis an duine (leis na daoine) atá údaraithe chun ráitis comhréireachta a shíniú, beidh sé (siad) ina bhall (ina mbaill) d'eagraíocht an mhonaróra agus beidh údarás mar is iomchuí aige (acu) ó lucht bainistíochta na heagraíochta sin chun gabháil d'fhreagracht dhleathach an mhonaróra go hiomlán maidir leis an dearadh agus an déanamh, nó maidir le comhréireacht táirgthe an innill.

4. Comhlánófar an ráiteas comhréireachta ina iomláine agus ní bheidh san áireamh ann teorainneacha i ndáil le húsáid an innill seachas iad sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

5. féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an teimpléad don ráiteas comhréireachta a leagan síos, lena n-áirítear na gnéithe arb aidhm dóibh an brionnadh a chosc agus a cheadú an comhad slán leictreonach a fhíorú. Chun na críche sin, cuirfear ar fáil na gnéithe slándála a úsáidtear chun an ráiteas comhréireachta a chosaint le gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2016, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

*Airteagal 32*

**Marcáil reachtúil na n-inneall**

1. Déanfaidh an monaróir marcáil reachtúil a ghreamú do gach inneall a mhonaraítear i gcomhréir leis an gcineálcheadú ("an mharcáil reachtúil").

2. Maidir leis na hinnill seo a leanas, áireofar leis an marcáil reachtúil faisnéis bhreise lena gcuirfear in iúl go bhfuil an t-inneall faoi réir na díolúine ábhartha nó na forála idirthréimhsí ábhartha:

(a) innill atá le honnmhairiú chuig tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 34(1) a monaraíodh san Aontas nó lasmuigh den Aontas agus a suiteáladh ó shin in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é san Aontas;

(b) innill a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 34(2),(5) (6) nó (8);

(c) innill a chuirtear ar an margadh ar bhonn sealadach i gcomhréir le hAirteagal 34(4);

(d) innill idirthréimhseacha a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 58(5);

(e) innill athsholáthair a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 34(7), 58(10) nó 58(11).

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an teimpléad don mharcáil reachtúil a ghlacadh, lena n-áirítear an fhaisnéis éigeantach bunriachtanach is gá nuair a fhágann an t-inneall an líne táirgthe, an fhaisnéis éigeantach bhunriachtanach is gá roimh an t-inneall a chur ar an margadh agus, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis fhorlíontach dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2016, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

*Airteagal 33*

**Marcáil shealadach na n-inneall**

1. Greamóidh an monaróir marcáil shealadach do gach inneall arna mhonarú i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe agus a chuirtear ar an margadh ar bhonn Airteagal 34(3).

2. Maidir le hinneall nach bhfuil i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe go fóill agus atá á sheachadadh chuig monaróir an innill sin, ní bheidh ach marcáil shealadach air.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an teimpléad don mharcáil shealadach dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a leagan síos, lena n-áirítear an fhaisnéis éigeantach bhunriachtanach atá le léiriú orthu. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2016, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

CAIBIDIL VIII

**DÍOLÚINTÍ**

*Airteagal 34*

**Díolúintí ginearálta**

1. Seachas i dtaca le pointe (a) d'Airteagal 32(2), ní bheidh innill atá le honnmhairiú go tríú tíortha faoi réir an Rialacháin seo.

2. Seachas i dtaca le pointe (b) d'Airteagal 32(2), ní bheidh innill atá le húsáid ag na fórsaí armtha faoi réir an Rialacháin seo.

Chun críocha na míre seo, maidir le seirbhísí cosanta sibhialta, le seirbhísí dóiteáin, le fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil agus le seirbhísí éigeandála liachta, ní mheasfar gur cuid de na fórsaí armtha iad.

3. Gan dochar d'Airteagal 32, agus le toiliú an OEM, féadfaidh monaróir inneall a sheachadadh ar an OEM sin, neamhspleách ar a chóras iarchóireála sceite.

4. D'ainneoin Airteagal 5(3), údaróidh Ballstáit inneall nach bhfuair cineálcheadú AE i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur ar an margadh go sealadach, chun críocha tástála allamuigh.

5. D'ainneoin Airteagal 18(2) agus Airteagal 22(3), tabharfaidh na Ballstáit cineálcheadú AE maidir le hinnill a chomhlíonann teorainnluachanna astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach d'innill shainchuspóireacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI agus údaróidh siad na hinnill sin a chur ar an margadh, ar an gcoinníoll go bhfuil sé beartaithe na hinnill a shuiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a bheidh le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach, a shainítear i bpointe (5) d'Airteagal 2 de Threoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

6. D'ainneoin Airteagal 18(2) agus 22(3), féadfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, cineálcheadú AE a thabhairt na hinnill a chomhlíonann teorainnluachanna astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach d'innill shainchuspóireacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, agus a údarú go gcuirfear iad, ar an margadh, ar choinníoll go bhfuil sé beartaithe na hinnill sin a shuiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, a úsáidtear go heisiach chun go ndéanfar báid tarrthála arna n-oibriú ag seirbhís náisiúnta tarrthála a sheoladh agus a aisghabháil.

7. D'ainneoin cheanglais Airteagal 5(3) agus Airteagal 18(2), i ndáil le hinnill chatagóirí RLL nó RLR agus a chuirtear ar mhargadh an Aontais an 31 Nollaig 2011 nó roimhe sin, féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt chun na hinnill athsholáthair a chur ar mhargadh má aithníonn agus má bhaineann an t-údarás ceadúcháin de thátal as, tar éis scrúdú a dhéanamh, go mbeidh deacrachtaí suntasacha teicniúla i gceist le hinnill den sórt sin a shuiteáil a chomhlíonann na teorainneacha astaíochtaí infheidhme a leagtar amach i dtábla II-7 agus i dtábla II-8 d'Iarscríbhinn II. I gcás den sórt sin, comhlíonfaidh an t-inneall athsholáthair na teorainneacha astaíochta ba ghá dóibh a chomhlíonadh chun go gcuirfí iad ar mhargadh an Aontais an 31 Nollaig 2011 nó comhlíonfaidh siad teorainneacha astaíochtaí atá níos déine.

---

[1] Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha chun úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh bheith pléascach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309).

D'innill a fhreagraíonn do chatagóirí RLL agus RLR agus a cuireadh ar mhargadh an Aontais tar éis an 31 Nollaig 2011, féadfaidh na Ballstáit é a údarú go gcuirfear ar an margadh na hinnill athsholáthair a chomhlíonann na teorainneacha astaíochta a bheidh le comhlíonadh ag na hinnill sin atá le hathrú nuair a cuireadh ar mhargadh an Aontais den chéad uair iad.

8. D'innill a fhreagraíonn do chatagóir RLL nó do chatagóir RLR, féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt chun innill a chur ar an margadh a chomhlíonann na teorainneacha astaíochtaí is déanaí atá infheidhme agus a shainítear sa reachtaíocht ábhartha atá infheidhme ar an 5 Deireadh Fómhair 2016, ar an gcoinníoll gur fíor an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil na hinnill sin mar chuid de thionscadal atá, ar an 6 Deireadh Fómhair 2016, ag céim níos déanaí den fhorbairt, mar a shainítear iad i dTreoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; agus

(b) maidir le húsáid na n-inneall a chomhlíonann na teorainneacha astaíochtaí is infheidhme a leagtar amach i dTábla II-7 ná i dTábla II-8 d'Iarscríbhinn II, beidh costais dhíréireacha mar thoradh air sin.

Faoin 17 Meán Fómhair 2017, déanfaidh gach Ballstát, liosta tionscadal den sórt sin a chur in iúl don Choimisiún.

9. Tugtar de chumhacht don Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na sonraí beachta teicniúla agus na coinníollacha:

(a) faoina ndéanfaidh monaróir inneall a sholáthar do OEM neamhspleách ar a chóras iarchóireála sceite, amhail dá dtagraítear i mír 3;

(b) faoina gcuirfear innill nach bhfuil cineálcheadú AE acu i gcomhréir leis an Rialachán seo ar an margadh go sealadach, chun críocha tástála allamuigh, amhail dá dtagraítear i mír 4;

(c) faoina ndeonófar cineálcheadú AE maidir le hinnill agus faoina údarófar iad a chur ar an margadh, ar innill iad a chomhlíonann teorainnluachanna astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach d'innill shainchuspóireacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, amhail dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6.

Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin 31 Nollaig 2016.

*Airteagal 35*

**Díolúintí le haghaidh teicneolaíochtaí nua nó le haghaidh coincheapa nua**

1. Féadfaidh monaróir iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú AE i ndáil le cineál innill nó aicme inneall ina gcorpraítear teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua agus nach bhfuil ag teacht le ceann amháin nó níos mó de cheanglais an Rialacháin seo, de thoradh ar na teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua sin.

2. Deonóidh an t-údarás ceadúcháin cineálcheadú AE dá dtagraítear i mír 1 má comhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) luaitear san iarratas na cúiseanna nach dtagann an cineál innill nó aicme inneall le ceanglais an Rialacháin seo, de bharr na dteicneolaíochtaí nó na gcoincheap nua atá i gceist;

(b) cuireann an t-iarratas síos ar impleachtaí comhshaoil na dteicneolaíochtaí nua nó na gcoincheap nua agus na bearta a rinneadh d'fhonn leibhéal coibhéiseach cosanta comhshaoil a áirithiú, atá coibhéiseach, ar a laghad, leis na leibhéil cosanta a sholáthraíonn ceanglais an Rialacháin seo óna n-iarrtar an díolúine;

(c) cuirtear tuairiscí ar na tástálacha agus torthaí i láthair a chruthaíonn go gcomhlíontar an choinníoll i bpointe (b).

3. Beidh deonú cineálcheadaithe AE den sórt sin dá dtagraítear i mír 1 faoi réir údarú ón gCoimisiún.

Nuair is iomchuí, sonrófar san údarú ón gCoimisiún an bhfuil sé faoi réir aon srianta.

Tabharfar an t-údarú sin trí bhíthin gníomh cur chun feidhme.

4. Ar feitheamh an chinnidh maidir le húdarú ón gCoimisiún de bhun mhír 3, féadfaidh an t-údarás ceadúcháin cineálcheadú sealadach AE a eisiúint a bheidh bailí:

(a) ach amháin i gcríoch an Bhallstáit sin;

(b) ach amháin i ndáil le cineál innill nó le haicme innill a chuimsítear leis an díolúine a iarrtar; agus

(c) ar feadh 36 mhí ar a laghad.

I gcás ina n-eiseofar cineálcheadú sealadach AE, cuirfidh an t-údarás ceadúcháin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ina leith gan mhoill trí bhíthin comhaid a bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 san áireamh ann.

Beidh cineál sealadach agus bailíocht chríochach theoranta chineálcheadú sealadach AE den sórt sin soiléir ó theideal an deimhnithe chomfhreagraigh ar chineálcheadú sealadach AE agus ó theideal an ráitis comhréireachta.

5. I gcás ina gcinnfidh údarás ceadúcháin glacadh le cineálcheadú sealadach AE dá dtagraítear i mír 4 laistigh dá chríoch féin, déanfaidh sé sin a chur in iúl i scríbhinn don údarás ceadúcháin is ábhartha agus don Choimisiún.

6. I gcás ina gcinneann an Coimisiún gan an t-údarú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt, cuirfidh an t-údarás fógra láithreach do shealbhóir chineálcheadú sealadach AE dá dtagraítear i mír 4, go gcúlghairfear cineálcheadú sealadach AE sé mhí i ndiaidh dáta dhiúltú an Choimisiúin.

In ainneoin chinneadh an Choimisiúin gan an t-údarú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt, is féidir innill a monaraíodh i gcomhréir le cineálcheadú sealadach AE, sula rachaidh a bhailíocht in éag, a chur ar an margadh in aon Bhallstát ar ghlac a n-údaráis ceadúcháin leis an gcineálcheadú sealadach AE.

7. Measfar na ceanglais dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4 agus i mír 5 a bheith comhlíonta i gcás ina ndearnadh an fhaisnéis ábhartha a uaslódáil chuig IMI.

8. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an t-údarú dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

9. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na teimpléid chomhchuibhithe don deimhniú ar chineálcheadú AE agus don ráiteas comhréireachta dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, lena n-áirítear an fhaisnéis éigeantach riachtanach a bhaineann leo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2016 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

*Airteagal 36*

**Oiriúnú iardain ar ghníomhartha tarmligthe agus ar ghníomhartha cur chun feidhme**

1. Nuair a údaraíonn an Coimisiún díolúine a dheonú de bhun Airteagal 35, glacfaidh sé láithreach na bearta is gá chun na gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme ábhartha a chur in oiriúint d'fhorbairtí teicneolaíocha.

Nuair a bhaineann an díolúine a údaraíodh de bhun Airteagal 35 le ceist a rialaítear le rialachán UNECE, molfaidh an Coimisiún leasú ar an rialachán sin i gcomhréir leis an nós imeachta infheidhme faoi Aontú Athbhreithnithe 1958.

2. A luaithe agus a dhéanfar leasú ar na gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme ábhartha dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún aon srian a forchuireadh leis an gcinneadh lena n-údaraítear an díolúine i leataobh.

Mura ndéanfar na bearta riachtanacha chun na gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme a oiriúnú, féadann an Coimisiún, ar iarraidh an Bhallstáit a dheonaigh cineálcheadú AE sealadach, an Ballstát sin a údarú chun é a shíneadh, trí bhíthin cinneadh i bhfoirm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

CAIBIDIL IX

## TÁIRGEADH A THUAIRISCIÚ AGUS A FHÍORÚ

*Airteagal 37*

### Ceanglais shonracha na monaróirí i ndáil le táirgeadh a thuairisciú

1. Cuirfidh an monaróir liosta faoi bhráid an údaráis cheadúcháin a thug cineálcheadú AE, ar liosta é ina mbeidh líon na n-inneall do gach cineál innill agus do gach fochatagóir innill a tháirgfear i gcomhréir leis an Rialachán seo agus i gcomhréir le cineálcheadú AE ó rinneadh an tuarascáil táirgeachta is déanaí a chur isteach, nó ón tráth a raibh feidhm le ceanglais an Rialacháin seo don chéad uair.

Déanfar an liosta sin a chur isteach:

(a) laistigh de 45 lá i ndiaidh dheireadh gach bliana féilire;

(b) díreach tar éis gach ceann de na dátaí chun na hinnill dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a chur ar an margadh;

(c) faoi aon dáta eile a fhéadfaidh an t-údarás ceadúcháin a shonrú.

2. Sonrófar sa liosta dá dtagraítear i mír 1 conas atá na huimhreacha aitheantais comhghaolaithe leis na cineálacha innill agus, i gcás inarb iomchuí, aicmí inneall comhfhreagracha agus le huimhreacha cineálcheadaithe AE i gcás nach n-aithníonn córas códaithe an innill na comhghaolta sin.

3. Léireoidh an liosta dá dtagraítear i mír 1 aon chás ina scoireann an monaróir de chineál ceadaithe innill nó aicme cheadaithe inneall a tháirgeadh.

4. Coinneoidh an monaróir cóip den liosta dá dtagraítear i mír 1 ar feadh íosthréimhse 20 bliain tar éis deireadh le bailíocht chineálcheadaithe ábhartha an Aontais.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos formáid an liosta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2016, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

*Airteagal 38*

### Bearta maidir le fíorú

1. Glacfaidh údarás ceadúcháin Ballstáit a dheonaigh cineálcheadú AE na bearta is gá, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le húdaráis ceadúcháin na mBallstát eile, chun a áirithiú go ndéantar na huimhreacha aitheantais i ndáil leis an gcineálcheadú AE sin a leithdháileadh i gceart ar mhonaróirí inneall agus go ndéanann na monaróirí inneall sin leas a bhaint astu mar is cuí sula gcuirfear an t-inneall cineálcheadaithe ar an margadh nó sula gcuirfear ar fáil ar an margadh é.

2. D'fhéadfadh fíorú breise ar na huimhreacha aitheantais a dhéanamh in éineacht leis an rialú ar chomhréireacht an táirgthe a leagtar síos in Airteagal 26.

3. I ndáil le fíorú na n-uimhreacha aitheantais, déanfaidh an monaróir nó ionadaí an mhonaróra, arna iarraidh sin dó nó dóibh, an fhaisnéis uile is gá a bhaineann le ceannaitheoirí an mhonaróra a chur ar fáil gan mhoill don údarás ceadúcháin freagrach maille le huimhreacha aitheantais na n-inneall a thuairiscítear mar innill tháirgthe i gcomhréir le hAirteagal 37. I gcás ina mbeidh innill ar fáil do OEM, ní cheanglófar ar an monaróir tuilleadh faisnéise a chur ar fáil.

4. Mura mbeidh an monaróir, de bhun iarratas ón údarás ceadaithe, in ann comhlíonadh na gceanglas maidir le marcáil reachtúil a thaispeáint, féadfaidh an t-údarás ceadúcháin cineálcheadú AE a tugadh a aistarraingt i ndáil leis an gcineál nó an aicme inneall comhfhreagrach. Cuirfidh na húdaráis cheadúcháin in iúl dá chéile taobh istigh de mhí amháin faoi aon chineálcheadú AE a tarraingíodh siar agus na cúiseanna leis an tarraingt siar sin, i gcomhréir le hAirteagal 22(2).

CAIBIDIL X

## CLÁSAIL COSANTA

*Airteagal 39*

### Innill nach bhfuil i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe

1. I gcás nach gcomhlíonann innill, a bhfuil marcáil reachtúil orthu agus, i gcás inarb infheidhme, a ngabhann ráiteas comhréireachta leo, cineál innill ceadaithe nó aicme innill ceadaithe, glacfaidh an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar na hinnill atá á dtáirgeadh chun comhréireachta leis an gcineál innill nó an aicme innill atá ceadaithe. Féadfar a áireamh ar bhearta den sórt sin tarraingt siar chineálcheadú AE nuair nach leor an ghníomhaíocht a rinne an monaróir.

Cuirfidh an t-údarás ceadúcháin ábhartha na bearta a ghlactar in iúl do húdaráis ceadúcháin na mBallstát eile.

2. Chun críocha mhír 1, measfar ina dteip chun déanamh de réir an chineáil innill ceadaithe nó na haicme innill ceadaithe, imeacht ó na sonraí arna leagan amach sa deimhniú ar chineálcheadú AE nó sa phacáiste faisnéise nuair nár údaraíodh imeacht den sórt sin seo i gcomhréir le Caibidil VI.

3. I gcás ina suífidh údarás ceadúcháin nach gcomhlíonann innill a ngabhann ráiteas comhréireachta leo, i gcás inarb infheidhme, nó a bhfuil marcáil cineálcheadaithe orthu, i an cineál innill nó an aicme innill atá ceadaithe, féadfaidh sé a iarraidh ar an údarás ceadúcháin a dheonaigh an cineálcheadú AE a fhíorú go bhfuil innill atá á dtáirgeadh i gcomhréir leis an gcineál innill ceadaithe nó an aicme innill cheadaithe i gcónaí. Ach iarraidh den sórt sin a fháil, déanfaidh an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh an cineálcheadú AE an ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1a luaithe agus is féidir, agus taobh istigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata ar a dheireanaí.

4. Cuirfidh na húdaráis cheadúcháin in iúl dá chéile taobh istigh de mhí amháin faoi aon chineálcheadú AE a tarraingíodh siar agus na cúiseanna leis an tarraingt siar sin, i gcomhréir le hAirteagal 22(5).

5. I gcás ina ndéanfaidh an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh an cineálcheadú AE an neamhchomhréireacht ar tugadh fógra faoi dó faoi a dhíospóid, déanfaidh na Ballstáit ábhartha a ndícheall an díospóid a réiteach.

Coinneoidh an t-údarás ceadúcháin an Coimisiún ar an eolas i gcónaí agus, nuair is gá, tionólfaidh an Coimisiún comhairlí iomchuí chun an díospóid a réiteach.

*Airteagal 40*

### Innill a athghairm

1. Nuair a thugtar ar mhonaróir ar deonaíodh cineálcheadú AE dó, de bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, innill a cuireadh ar an margadh a athghairm, bídís suiteáilte nó ná bídís in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, ar na mbonn go bhfuil na hinnill ina riosca tromchúiseach i ndáil le cosaint an chomhshaoil nó na sláinte poiblí, déanfaidh an monaróir sin:

(a) an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE a chur ar an eolas láithreach; agus

(b) sraith leigheasanna iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na riosca tromchúiseacha mholadh don údarás ceadúcháin sin.

2. Cuirfidh an t-údarás ceadúcháin na leigheasanna molta in iúl d'údaráis ceadúcháin na mBallstát eile agus don Choimisiún gan mhoill.

Áiritheoidh na húdaráis cheadúcháin go gcuirfear na leigheasanna i gcrích go héifeachtach ina mBallstáit féin.

3. I gcás ina measfaidh údarás ceadúcháin na leigheasanna a bheith neamhleor nó nár cuireadh iad i gcrích sách tapa, déanfaidh sé an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh cineálcheadú AE don mhonaróir a chur ar an eolas gan mhoill maidir leis an méid sin.

Mura ndéanfaidh an monaróir bearta ceartaitheacha éifeachtacha a mholadh agus a chur i gcrích ina dhiaidh sin, glacfaidh an t-údarás ceadúcháin a dheonaigh an cineálcheadú AE gach beart cosanta is gá, lena n-áirítear tarraingt siar chineálcheadú AE.

I gcás go dtarraingítear siar an cineálcheadú AE, cuirfidh an t-údarás ceadaithe, taobh istigh de mhí i ndiaidh an tarraingt siar sin tabharfaidh an monaróir fógra faoin méid sin d'údaráis cheadúcháin na mBallstát eile agus don Choimisiún le litir chláraithe nó le modh leictreonach coibhéiseach.

*Airteagal 41*

**Fógra a thabhairt faoi chinntí agus faoi leigheasanna atá ar fáil**

1. Maidir le cinntí den chineál seo a leanas nó chun na críche seo a leanas, luafar iontu na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe agus:

(a) a dhéantar de bhun an Rialacháin seo;

(b) lena ndiúltaítear cineálcheadú AE nó lena dtarraingeofar siar é;

(c) lena gceanglófar inneall a cuireadh ar an margadh a athghairm;

(d) aisghairm lena dtoirmiscfear, lena ndéanfar teorannú nó lena gcuirfear bac ar inneall a chur ar an margadh; nó

(e) lena dtoirmiscfear, lena ndéanfar teorannú nó lena gcuirfear bac ar innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a chur ar an margadh ina bhfuil inneall a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo suiteáilte.

2. Déanfaidh na húdaráis cheadúcháin fógra faoi na nithe seo a leanas a thabhairt don pháirtí lena mbaineann:

(a) aon chinneadh dá dtagraítear i mír 1;

(b) na leigheasanna atá ar fáil dó faoi na dlithe atá i bhfeidhm sa Bhallstát lena mbaineann agus na teorainneacha ama is infheidhme maidir leis na leigheasanna sin.

CAIBIDIL XI

**RIALACHÁIN IDIRNÁISIÚNTA AGUS SOLÁTHAR FAISNÉISE TEICNIÚLA**

*Airteagal 42*

**Glacadh le cineálcheaduithe coibhéiseacha innill**

1. Féadann an tAontas, i bhfianaise comhaontuithe iltaobhacha nó déthaobhacha idir an tAontas agus tríú tíortha, an choibhéis a admháil idir na coinníollacha agus na forálacha do chineálcheadú AE inneall arna mbunú faoin Rialachán seo agus na nósanna imeachta arna mbunú ag rialacháin idirnáisiúnta agus rialacháin tríú tíortha.

2. Cineálcheaduithe a deonaíodh agus marcálacha reachtúla atá i gcomhréir le rialachán UNECE nó leasuithe orthu sin ar vótáil an tAontas ar a son nó ar ghlac an tAontas leo mar a sonraíodh sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4, aithneofar iad a bheith coibhéiseach le cineálcheaduithe AE a deonaíodh agus le marcálacha reachtúla a cheanglaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Aithneofar cineálcheaduithe AE, a deonaíodh ar bhonn gníomhartha Aontais mar a liostaítear sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4, a bheith coibhéiseach le cineálcheaduithe AE a deonaíodh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na nithe seo a leanas a leagan amach:

(a) Liosta de rialacháin UNECE nó leasuithe orthu sin, lena n-áirítear aon cheanglais a leagtar amach iontu a bhaineann lena gcur i bhfeidhm, ar vótáil an tAontas ar a son nó ar ghlac an tAontas leo, agus a mbeidh feidhm acu maidir le cineálcheadú cineálacha innill nó aicmí inneall atá le suiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é;

(b) liosta de ghníomhartha an Aontais ar dá mbun a dheonaítear cineálcheaduithe AE, lena n-áirítear aon cheanglais a leagtar amach ann a bhaineann lena gcur i bhfeidhm.

Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin 31 Nollaig 2016.

*Airteagal 43*

**Faisnéis agus treoracha atá dírithe ar OEManna agus ar úsáideoirí deiridh**

1. Ní dhéanfaidh monaróir aon fhaisnéis theicniúil a bhaineann leis na sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, a imíonn ó na sonraí a cheadaíonn an t-údarás ceadaithe, a sholáthar do OEManna ná d'úsáideoirí deiridh.

2. Cuirfidh an monaróir ar fáil do OEManna an fhaisnéis agus na treoracha uile ábhartha is gá do shuiteáil cheart innill isteach in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena n-áirítear tuairisc ar aon choinníollacha nó srianta speisialta atá ceangailte le suiteáil nó úsáid na innill.

3. Cuirfidh monaróirí an fhaisnéis uile ábhartha agus na treoracha riachtanacha atá dírithe ar an úsáideoir deiridh ar fáil do OEManna, lena n-áirítear tuairisc ar aon choinníollacha speisialta nó srianta atá ceangailte le húsáid innill.

4. Cuirfidh monaróirí luach na n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) a socraíodh i rith an phróisis chineálcheadaithe AE ar fáil do OEManna agus tabharfaidh siad treoir do OEManna an fhaisnéis sin a thabhairt, mar aon le faisnéis mhínithe maidir leis na dálaí tástála, d'úsáideoir deiridh an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é ina bhfuiltear chun an t-inneall a shuiteáil.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na sonraí faoin bhfaisnéis ábhartha agus na treoracha dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo a leagan amach. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin 31 Nollaig 2016.

*Airteagal 44*

**Sonraí agus faisnéis a mhalartú trí IMI**

1. Maidir le malartú sonraí agus faisnéise a bhaineann le cineálcheaduithe AE idir na húdaráis náisiúnta, nó idir na húdaráis náisiúnta agus an Coimisiún i gcreat an Rialacháin seo, déanfar an malartú sin i bhformáid leictreonach trí IMI.

2. Baileofar go lárnach aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann le cineálcheaduithe AE a deonaíodh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus cuirfear ar fáil do na húdaráis náisiúnta agus don Choimisiún í trí IMI.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfaidh IMI an méid seo a leanas freisin:

(a) é indéanta sonraí agus faisnéis a mhalartú idir monaróirí nó seirbhísí teicniúla, ar thaobh amháin, agus údaráis náisiúnta nó an Coimisiún, ar an taobh eile;

(b) rochtain a chur ar fáil don phobal ar shonraí agus ar fhaisnéis áirithe a bhaineann le torthaí cineálcheaduithe agus le torthaí maidir le faireachán a rinneadh ar innill inseirbhíse;

(c) i gcás inarb iomchuí agus inarb indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch é, agus i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann, saoráidí a chur ar fáil maidir le haistriú uathoibríoch sonraí idir bunachair sonraí náisiúnta atá ann cheana agus IMI.

4. Beidh úsáidí IMI dá dtagaítear i mír 3 roghnach.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos na ceanglais mhionsonraithe theicniúla agus na nósanna imeachta atá riachtanach chun IMI a idirnascadh leis na bunachair sonraí náisiúnta amhail dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 3 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2016, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

CAIBIDIL XII

**SEIRBHÍSÍ TEICNIÚLA A AINMNIÚ AGUS FÓGRA A THABHAIRT FÚTHU**

*Airteagal 45*

**Ceanglais maidir le seirbhísí teicniúla**

1. Ainmneoidh údarás ceadúcháin seirbhís theicniúil i gcomhréir le hAirteagal 47 agus comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos i mír 2 go mír 9 den Airteagal seo.

2. Bunófar seirbhís theicniúil faoin dlí náisiúnta de chuid Ballstáit agus beidh pearsantacht dhlítheanach aici.

3. Beidh an tseirbhís theicniúil ina comhlacht triú páirtí a bheidh neamhspleách ar phróiseas deartha, monaraithe, soláthair nó cothabhála na n-inneall ar a ndéanann sí measúnú.

Maidir le comhlacht, ar le cumann gnó nó le cónaidhm ghairmiúil é agus a fheidhmíonn thar ceann gnóthais a bhaineann le dearadh, le monarú, le soláthar, le cóimeáil, le suiteáil, le húsáid nó le cothabháil na n-inneall ar a ndéanann sé measúnú, tástáil nó iniúchadh, féadfar a mheas go gcomhlíonann sé ceanglais na chéad fhomhíre, ar an gcoinníoll go léiríonn sé go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

4. Ní bheidh an tseirbhís theicniúil, lena n-áirítear an bhainistíocht ardleibhéil agus an pearsanra atá freagrach as na catagóirí gníomhaíochtaí dá n-ainmnítear an tseirbhís theicniúil i gcomhréir le hAirteagal 47(1) a dhéanamh ina dearthóir, ina soláthraí, ina suiteálaí nó ina cothabhálaí ar na hinnill a mheasúnaíonn sí agus ní fheidhmeoidh sí thar ceann páirtithe a bhíonn ag gabháil do na gníomhaíochtaí sin. Ní choiscfidh an srianadh seo úsáid na n-inneall measúnaithe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, is gá d'oibriú na seirbhíse teicniúla nó úsáid inneall den sórt sin chun críocha pearsanta.

Áiritheoidh an tseirbhís theicniúil nach ndéanfar imeachtaí a cuid fochuideachtaí ná a cuid fochonraitheoirí difear dá rúndacht, dá hoibiachtúlacht ná dá neamhchlaontacht na gcatagóirí gníomhaíochtaí dár ainmníodh í.

5. Déanfaidh an tseirbhís theicniúil na catagóirí gníomhaíochtaí dár ainmníodh í leis an ionracas gairmiúil is mó is féidir agus an inniúlacht theicniúil riachtanach sa réimse sonrach agus beidh a foireann saor ó aon bhrú nó ó aon mhealltaí, go háirithe ó thaobh airgid, a mbeadh tionchar aige ar a breithiúnas nó ar thorthaí a gcuid imeachtaí measúnaithe, brú agus mealladh go háirithe brú nó mealltaí den sórt sin ó dhaoine nó grúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na n-imeachtaí sin.

6. Taispeánfaidh an tseirbhís theicniúil dá húdarás ceadúcháin go bhfuil sí in ann an réimse uile catagóirí gníomhaíochtaí a bhfuil sé ag iarraidh go n-ainmneofar chuige iad i gcomhréir le hAirteagal 47(1) a dhéanamh, trína áirithiú go bhfuil an méid seo a leanas aici:

(a) pearsanra a bhfuil na scileanna iomchuí agus eolas teicniúil sonrach agus oiliúint ghairmeach acu, chomh maith le taithí imleor chuí, chun an tasc a chur i gcrích;

(b) tuairiscí ar na nósanna imeachta atá ábhartha do na catagóirí gníomhaíochtaí dá n-iarann sé a bheith ainmnithe, ag áirithiú trédhearcacht agus in-atáirgtheacht na nósanna imeachta sin leis sin;

(c) nósanna imeachta d'fheidhmíocht na gcatagóirí gníomhaíochtaí dá n-iarrann sé a bheith ainmnithe, a chuireann san áireamh go cuí céim chastachta theicneolaíocht an innill atá i gceist, bíodh an t-inneall á mhonarú de bhun ollphróiseas táirgthe nó phróiseas táirgthe srathach; agus

(d) an modh is gá chun na tascanna atá bainteach leis na catagóirí gníomhaíochtaí dá n-iarrann sé a bheith ainmnithe a fheidhmiú ar mhodh iomchuí agus go mbíonn rochtain aici ar an trealamh uile nó na háiseanna is gá.

7. Beidh an tseirbhís theicniúil, lena n-áirítear a bainistíocht ardleibhéil agus a pearsanra mheasúnaithe neamhchlaonta. Ní ghabhfaidh siad d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh teacht salach ar neamhspleáchas a breithiúnais ná a hionracas i ndáil leis na catagóirí imeachtaí dá n-ainmnítear iad.

8. Rachaidh an tseirbhís theicniúil faoi árachas dliteanais a chumhdaíonn a gníomhaíochtaí mura ndéanfaidh an Ballstát an dliteanas a ghlacadh air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó go bhfuil an Ballstát freagrach í féin go díreach as an measúnú.

9. Beidh pearsanra seirbhíse teicniúla faoi cheangal na rúndacht gairmiúla i ndáil leis an bhfaisnéis uile a fuarthas agus iad i mbun a gcuid cúraimí faoin Rialachán seo nó faoi aon fhoráil den dlí náisiúnta a thugann feidhm di.

Ní bheidh pearsanra na seirbhíse teicniúla faoi cheangal ag an oibleagáid dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i ndáil le faisnéis a chomhroinnt leis an údarás ceadúcháin ainmnithe, nó nuair a éilíonn dlí an Aontais nó dlí náisiúnta comhroinnt den sórt sin.

Cosnófar cearta dílseánaigh.

*Airteagal 46*

**Fochuideachtaí seirbhísí teicniúla agus fochonraitheoireacht na seirbhísí teicniúla**

1. Ní fhéadfaidh an tseirbhísí theicniúil cúraimí sonracha atá bainteach leis na gníomhaíochtaí dár ainmníodh í i gcomhréir le hAirteagal 47(1) a ligean ar fochonradh nó a thabhairt d'fhochomhlacht lena ndéanamh, ach amháin le comhaontú a n-údaráis cheadúcháin ainmnithe.

I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh an tseirbhís theicniúil go gcomhlíonann an fochonraitheoir nó an fochomhlacht na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45 agus cuirfidh sí scéala chuig an údarás ceadúcháin dá réir sin.

2. Beidh an tseirbhís theicniúil lánfhreagrach as na tascanna a dhéanann aon cheann dá bhfochonraitheoirí nó dá bhfochomhlachtaí, beag beann ar a n-áit bhunaíochta.

3. Coinneoidh an tseirbhísí theicniúil na doiciméid ábhartha ar fáil don údarás ceadúcháin ainmnithe a bhaineann le measúnú ar cháilíochtaí an fhochonraitheora nó an fhochomhlachta agus na tascanna a dhéanann siad.

*Airteagal 47*

**Seirbhísí teicniúla a ainmniú**

1. Ainmneoidh na húdaráis cheadúcháin seirbhísí teicniúla i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas, i gcomhréir lena réimsí inniúlachta:

(a) catagóir A: na tástálacha dá dtagraítear sa Rialachán seo a dhéanamh i saoráidí na seirbhísí teicniúla;

(b) catagóir B: na tástálacha dá dtagraítear sa Rialachán seo a mhaoirsiú, nuair a dhéantar tástálacha den sórt sin i saoráidí monaróra nó i saoráidí tríú páirtí;

(c) catagóir C: nósanna imeachta an mhonaróra chun rialú a dhéanamh ar chomhréireacht an táirgthe a mheasúnú agus faireachán a dhéanamh orthu ar bhonn rialta;

(d) catagóir D: tástálacha nó iniúchtaí chun a áirithiú go ndéantar comhréireacht an táirgthe a mhaoirsiú nó a dhéanamh.

2. Féadfaidh údarás ceadúcháin gníomhú mar sheirbhís theicniúil maidir le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Féadfar seirbhísí teicniúla tríú tír, seachas iad sin a ainmníodh i gcomhréir leis an Airteagal seo, a chur faoi réir fógra de bhun Airteagal 50 i gcás ina bhfuil foráil i gcomhaontú déthaobhach a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír ábhartha maidir le seirbhísí teicniúla a aithint ar an gcaoi sin.

Féadfaidh seirbhís theicniúil arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 45(2) fochomhlachtaí a bhunú i dtríú tíortha, áfach, ar an gcoinníoll go ndéanann an tseirbhís theicniúil ainmnithe bainistiú agus rialú díreach orthu.

*Airteagal 48*

**Nósanna imeachta maidir le caighdeáin feidhmíochta agus le measúnú seirbhísí teicniúla**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na caighdeáin nach mór do na seirbhísí teicniúla a chomhlíonadh;

(b) an nós imeachta chun na seirbhísí teicniúla, lena n-airítear an tuarascáil chomhfhreagrach, a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 49.

*Airteagal 49*

**Measúnú a dhéanamh ar scileanna seirbhísí teicniúla**

1. Tarraingeoidh an t-údarás ceadúcháin ainmniúcháin suas tuarascáil mheasúnaithe ag taispeáint gur measúnaíodh an tseirbhís theicniúil iarrthach maidir lena comhréireacht leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun an Rialacháin seo. Féadfaidh deimhniú creidiúnaithe a d'eisigh comhlacht creidiúnaithe a bheith san áireamh sa tuarascáil measunaithe sin lena bhfianaítear go gcomhlíonann an tseiribhís theicniúil sin ceanglais an Rialacháin seo.

Déanfar an measúnú ar a bhfuil an tuarascáil measúnaithe a bhunú i gcomhréir leis na forálacha arna sonrú i ngníomh tarmligthe a glacfar de bhun Airteagal 48.

2. Athbhreithneoidh an t-údarás ceadúcháin ainmniúcháin an tuarascáil mheasúnaithe gach trí bliana ar a laghad.

3. Cuirfear an tuarascáil chuig an gCoimisiún ar iarraidh. I gcásanna den sórt sin, nuair nach bhfuil an measúnú bunaithe ar dheimhniú creidiúnaithe arna eisiúint ag comhlacht náisiúnta creidiúnaithe, cuirfidh an t-údarás ceadúcháin ainmniúcháin fianaise dhoiciméadach ar fáil don Choimisiún lena bhfianaítear an méid seo a leanas:

(a) inniúlacht na seirbhíse teicniúla;

(b) na socruithe atá suite chun a dheimhniú go ndéanann an t-údarás ceadúcháin ainmniúcháin faireachán rialta ar an tseirbhís theicniúil;

(c) go gcomhlíonann an tseirbhís theicniúil ceanglais an Rialacháin seo agus na ngníomhartha a glacfar dá bhun.

4. Soláthróidh údarás ceadúcháin a bhfuil sé ar intinn aige a bheith ainmnithe mar sheirbhís theicniúil i gcomhréir le hAirteagal 47(2), doiciméid ar chomhréireacht trí bhíthin mheasúnú arna dhéanamh ag iniúchóirí atá neamhspleách ar an ngníomhaíocht atá á measúnú. Is féidir d'iniúchóirí den sórt sin a bheith san eagraíocht chéanna ar chuntar go ndéantar iad a bhainistiú ar leithligh ón bpearsanra atá i mbun na gníomhaíochta measúnaithe.

*Airteagal 50*

**Nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt**

1. I ndáil le gach seirbhís theicniúil a ainmneoidh siad, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin méid seo a leanas:

(a) ainm na seirbhíse teicniúla;

(b) an seoladh, lena n-áirítear an seoladh leictreonach;

(c) na daoine freagracha;

(d) an catagóir gníomhaíochtaí; agus

(e) aon mhodhnuithe a bhaineann leis an ainmniú dá dtagraítear in Airteagal 47.

2. Ní sheolfaidh seirbhís theicniúil na himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) thar ceann an údaráis cheadúcháin ainmniúcháin atá freagrach as cineálcheadú AE, ach amháin má tugadh fógra faoin tseirbhís theicniúil don Choimisiún roimh ré i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

3. Féadfaidh roinnt údarás ceadúcháin ainmniúcháin an tseirbhís theicniúil chéanna a ainmniú agus tabharfaidh Ballstáit na n-údarás ceadúcháin ainmniúcháin sin fógra faoi na húdaráis ceadúcháin ainmniúcháin, beag beann ar an gcatagóir nó catagóirí gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh aige i gcomhréir le hAirteagal 47(1).

4. I gcás inar gá d'eagraíocht shonrach nó do chomhlacht inniúil a dhéanann gníomhaíochtaí nach n-áirítear orthu siúd in Airteagal 47(1) a ainmniú chun gníomh tarmligthe a chur i bhfeidhm, déanfar an fógra a thabhairt i gcomhréir leis an Airteagal seo.

5. Foilseoidh an Coimisiún liosta agus mionsonraí na seirbhísí teicniúla ar cuireadh iad faoi réir fógra, i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar a shuíomh idirlín.

*Airteagal 51*

**Athruithe ar ainmnithe**

1. I gcás ina bhfaigheann údarás ceadúcháin amach nó nuair a chuirtear ar an eolas é nach gcomhlíonann seirbhís theicniúil a d'ainmnigh sé na ceanglais arna sonrú sa Rialachán seo a thuilleadh nó a mhainníonn a chuid dualgas a chomhlíonadh, déanfaidh sé an t-ainmniú a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm, mar is iomchuí, ag brath ar thromchúis na mainneachtana na ceanglais sin nó na dualgais sin a chomhlíonadh.

Maidir leis an Ballstát a thug fógra don tseirbhís theicniúil sin an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 50(1) déanfaidh sé na coimisiún a chur ar an eolas láithreach faoi aon teorannú, cur ar fionraí nó cúlghairm den sórt sin.

Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis fhoilsithe dá dtagraítear in Airteagal 50(5) a mhodhnú dá réir sin.

2. I gcás na t-ainmniú dá dtagraítear i mír 1 a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm nó i gcás inar scoir an tseirbhís theicniúil dá gníomhaíocht, glacfaidh an t-údarás ceadúcháin ainmniúcháin na bearta cuí chun a áirithiú go bpróiseálann seirbhís theicniúil eile comhaid na seirbhíse teicniúla sin nó go gcoinnítear ar fáil don údarás ceadúcháin ainmniúcháin iad nó do na húdaráis um fhaireachas margaidh má iarrann siad sin.

*Airteagal 52*

**Agóid i gcoinne inniúlacht na seirbhísí teicniúla**

1. Fiosróidh an Coimisiún gach cás ina mbíonn amhras air nó i gcás ina dtugtar dá aire cúis amhrais i ndáil le hinniúlacht seirbhíse teicniúla nó comhlíonadh na gceanglas agus na bhfreagrachtaí a bhfuil seirbhís theicniúil faoina réir.

2. Soláthróidh Ballstát an údaráis cheadúcháin ainmniúcháin, don Choimisiún gach faisnéis a bhaineann leis an mbonn atá le hainmniú na seirbhíse teicniúla ábhartha nó leis an ainmniú sin a choinneáil, arna iarraidh sin.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go bpléifear go rúnda le gach faisnéis íogair a gheofar le linn a chuid fiosruithe.

4. Má fhaigheann an Coimisiún amach nach gcomhlíonann seirbhís theicniúil na ceanglais atá ann dá ainmniú, nó nach gcomhlíonann sí a thuilleadh iad, cuirfidh sé scéala chuig Ballstát an údaráis cheadúcháin ainmniúcháin dá réir sin d'fhonn na bearta ceartaitheacha is gá a bhunú, i gcomhar leis an mBallstát sin agus iarrfaidh sé ar an mBallstát sin na bearta ceartaitheacha sin a ghlacadh, lena n-áirítear cúlghairm an ainmnithe más gá.

*Airteagal 53*

**Oibleagáidí oibriúcháin na seirbhísí teicniúla**

1. Tabharfaidh seirbhísí teicniúla faoi na catagóirí gníomhaíochtaí dár ainmníodh iad thar ceann an údaráis cheadúchain ag ainmniú agus i gcomhréir leis an measúnú agus na nósanna imeachta tástála dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann leis.

Déanfaidh seirbhísí teicniúla maoirseacht ar na tástálacha is gá don chineálcheadú AE nó d'iniúchtaí a leagtar amach sa Rialachán seo nó i gceann amháin de na gníomhartha tarmligthe nó de na gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann leis, nó déanfaidh siad féin iad, mura gceadaítear nósanna imeachta malartacha.

Ní dhéanfaidh na seirbhísí teicniúla tástálacha, measúnuithe ná iniúchtaí nach ndearnadh iad a ainmniú ina leith.

2. Déanfaidh seirbhísí teicniúla na nithe seo a leanas i gcónaí:

(a) cead a thabhairt don údarás ceadúcháin ainmniúcháin breathnú orthu ag déanamh a le linn an mheasúnuithe má mheasann na t-údarás sin gur cuí sin; agus

(b) gan dochar d'Airteagal 45(9) agus d'Airteagal 54, cibé faisnéis a iarrtar orthu maidir leis na catagóirí gníomhaíochtaí a dhéanann siad agus a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a sholáthar don údarás ceadúcháin ainmniúcháin.

3. I gcás ina bhfionnann seirbhís theicniúil nár chomhlíon monaróir na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, déanfaidh sí sin a thuairisciú don údarás ceadúcháin ainmniúcháin a chuirfidh de cheangal ar an monaróir bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh.

Ní eiseoidh an t-údarás ceadúcháin ainmniúcháin deimhniú ar chineálcheadú AE go dtí go mbeidh na bearta ceartaitheacha iomchuí déanta ag an monaróir chun sástacht an údaráis ceadúcháin sin.

4. Nuair a fhaigheann seirbhís theicniúil, ag feidhmiú thar ceann an údaráis cheadúcháin ag ainmniú, amach le linn faireachán a dhéanamh ar chomhréireacht an táirgthe i ndiaidh deimhniú ar chineálcheadú AE a eisiúint, nach gcomhlíonann cineál innill nó aicme innill an Rialachán sin a thuilleadh, cuirfidh sí é in iúl don údarás ceadúcháin ainmniúcháin.

Déanfaidh an t-údarás ceadúcháin na bearta cuí amhail dá bhforáiltear in Airteagal 26.

*Airteagal 54*

**Oibleagáidí faisnéise de chuid seirbhísí teicniúla**

1. Cuirfidh seirbhísí teicniúla in iúl don údarás ceadúcháin ainmniúcháin aon:

(a) neamhchomhréireacht a thagann chun cinn agus lena bhféadfadh gá a bheith le cineálcheadú AE a dhiúltú, a theorannú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar;

(b) chúinsí a théann i bhfeidhm ar raon feidhme nó ar choinníollacha a n-ainmnithe;

(c) iarraidh ar fhaisnéis ó údaráis um fhaireachas margaidh i ndáil lena gcuid gníomhaíochtaí.

2. Ar iarraidh ón údarás ceadúcháin ainmniúcháin, soláthróidh seirbhísí teicniúla faisnéis ar na gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme a n-ainmniú agus ar aon ghníomhaíocht eile a rinneadh, lena n-áirítear imeachtaí trasteorann agus fochonrú.

CAIBIDIL XIII

## GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE AGUS GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 55*

### An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(2), in Airteagal 24(11), in Airteagal 25(4), in Airteagal 26(6), in Airteagal 34(9), in Airteagal 42(4), in Airteagal 43(5) agus in Airteagal 48 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 6 Deireadh Fómhair 2016.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2), in Airteagal 24(11), in Airteagal 25(4), in Airteagal 26(6), in Airteagal 34(9), in Airteagal 42(4), in Airteagal 43(5) agus in Airteagal 48 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19(2), Airteagal 24(11), Airteagal 25(4), Airteagal 26(6), Airteagal 34(9), Airteagal 42(4), Airteagal 43(5) agus Airteagal 48 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 56*

### Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an "Coiste Teicniúil — Mótarfheithiclí" (CTMF), a bunaíodh le hAirteagal 40(1) de Threoir 2007/46/CE, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL XIV

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 57*

### Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis i leith sárú arna dhéanamh ag oibreoirí eacnamaíocha nó OEManna ar an Rialachán seo agus ar na gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme a ghlactar de bhun an Rialacháin seo ag. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin 7 Deireadh Fómhair 2018. agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanann difear do na forálacha sin.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear na pionóis chun feidhme.

2. Áireofar ar na sáruithe atá faoi réir pionóis:

(a) ráitis bhréige a dhéanamh, go háirithe i rith nósanna imeachta cineál cheadaithe AE, na nósanna imeachta a dtagann athghairm dá mbarr nó na nósanna imeachta a bhaineann le díolúintí;

(b) torthaí tástála i ndáil le cineálcheadú AE nó i ndáil leis an bhfaireachán ar innill inseirbhíse a bhréagnú;

(c) dálaí nó sonraí teicniúla a choinneáil siar a bhféadfadh athghairm, diúltú nó tarraingt siar inneall, nó diúltú nó tarraingt siar cineálcheadaithe AE teacht dá bharr;

(d) straitéisí uathmhaolaithe a úsáid;

(e) rochtain ar fhaisnéis a dhiúltú;

(f) innill atá faoi réir chineálcheadú AE a chur ar an margadh gan chineálcheadú AE nó doiciméid nó marcanna reachtúla a bhréagnú le hintinn déanamh amhlaidh;

(g) inneall idirthréimhse agus innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ina suiteáiltear innill den sórt sin a chur ar an margadh, de shárú ar na forálacha maidir le díolúine;

(h) srianta úsáide a leagtar amach in Airteagal 35(3) agus (4), a shárú;

(i) inneall a chur ar an margadh a modhnaíodh i gcaoi nach bhfuil sé i gcomhréir le sonraíochtaí a chineálcheadaithe AE a thuilleadh;

(j) inneall a shuiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é i gcomhair úsáid nach í an úsáid eisiach dá bhforáiltear in Airteagal 4 í;

(k) inneall sainchuspóra a chur ar an margadh faoi Airteagal 34(5) nó (6) le húsáid in innealra seachas an t-innealra a ndearnadh foráil dó sna míreanna sin;

(l) inneall a chur ar an margadh faoi Airteagal 34(7) nó (8) agus Airteagal 58(9), (10) nó (11) le húsáid in innealra seachas an t- innealra a ndearnadh foráil dó sna míreanna sin;

(m) innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a chur ar an margadh ina bhfuil innill suiteáilte atá faoi réir cineálcheadaithe AE faoin Rialachán seo, gan cheadú den sórt sin;

(n) innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a chur ar an margadh ar innealra é a sháraíonn srian maidir leis an innealra soghluaiste a leagtar amach in Airteagal 34(8).

*Airteagal 58*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Gan dochar do Chaibidil II ná do Chaibidil III, ní fhágfaidh an Rialachán seo aon chineálcheadú AE, roimh na dátaí chun na hinnill a leagtar amach in Iarscríbhinn III a chur ar an margadh, neamhbhailí ná ní chuirfidh sé deireadh le haon díolúine.

2. I gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha is infheidhme ar an 5 Deireadh Fómhair 2016, féadfaidh údaráis cheadúcháin leanúint orthu ag deonú cineálcheaduithe AE d'innill a leagtar amach in Iarscríbhinn III go dtí na dátaí éigeantacha do chineálcheadú AE agus féadfaidh siad leanúint orthu ag deonú díolúintí i gcomhréir leis an reachtaíocht sin go dtí na dátaí éigeantacha chun innill a leagtar amach in Iarscríbhinn III a chur ar an margadh.

I gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme ar an 5 Deireadh Fómhair 2016, féadfaidh na Ballstáit leanúint orthu ag ceadú innill a chur ar an margadh go dtí na dátaí éigeantacha chun innill a chur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

3. De mhaolú ón Rialachán seo, is féidir innill a bhfuil cineálcheadú AE faighte acu cheana féin de bhun na reachtaíochta ábhartha is infheidhme ar an 5 Deireadh Fómhair 2016, nó a chomhlíonann na ceanglais arna leagan amach ag an gCoimisiún Lárnach um Loingseoireacht na Réine (CCNR) agus arna leagan amach mar CCNR Céim II, i gcreat an Choinbhinsiúin Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine, is féidir leanúint dá gcur ar an margadh go dtí na dátaí chun innill a chur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

I gcásanna den sórt sin, ní chuirfidh na húdaráis náisiúnta toirmeasc, bac ná srianadh ar innill atá i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe a chur ar an margadh.

4. Is féidir leanúint d'innill nár thit faoi raon feidhme Threoir 97/68/CE ar an 5 Deireadh Fómhair 2016 a chur ar an margadh ar bhonn na rialacha náisiúnta atá i bhfeidhm, más ann dóibh, go dtí na dátaí chun innill a chur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

5. Gan dochar d'Airteagal 5(3), d'Airteagal 18(2) agus, i gcás inarb infheidhme, do Threoir 2008/57/CE agus do Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún ([1]), is féidir innill idirthréimhseacha agus, i gcás inarb infheidhme, an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ina suiteáiltear na hinnill idirthréimhseacha sin, a chur ar an margadh i gcónaí i rith na hidirthréimhse ar an gcoinníoll go bhfuil dáta táirgthe nach mó é ná18 mí tar éis thús na hidirthréimhse ag an innealra ina suiteáiltear an t-inneall idirthréimhseach.

I gcás innill de chatagóir NRE, údaróidh na Ballstáit síneadh ar an idirthréimhse agus ar an tréimhse 18 mí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, de 12 mhí sa bhreis do OEManna a bhfuil táirgeadh iomlán bliantúil acu is lú ná 100 aonad d'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá feistithe le hinnill dócháin inmheánaigh. Chun críocha an táirgeadh iomlán bliantúil sin a ríomh, measfar gach OEM faoi stiúir an duine nádúrtha nó dlítheanach chéanna a bheith ina OEM aonair.

I gcás innill de chatagóir NRE a úsáidtear i gcraenacha soghluaiste, cuirfear síneadh 12 mhí leis an idirthréimhse agus leis an tréimhse 18-mí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

I gcás innill de chatagóir NRS a bhfuil cumhacht níos lú ná 19 kW acu a úsáidtear i gcaiteoirí sneachta, cuirfear síneadh 24 mhí leis an idirthréimhse agus leis an tréimhse 18 mí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

6. Faoi réir mhír 5 den Airteagal seo, comhlíonfaidh innill idirthréimhseacha ar a laghad ceann amháin de na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh siad i gcomhréir le cineálacha innill nó le haicme inneall nach bhfuil a gcineálcheadú AE bailí a thuilleadh de bhun phointe (a) d'Airteagal 30(2); agus atá cumhdaithe ag cineálcheadú bailí AE ar dhátaí táirgthe na n-inneall atá i gcomhréir leis na teorainneacha astaíochtaí infheidhme is déanaí atá sainithe sa reachtaíocht ábhartha a bhí infheidhme ar an 5 Deireadh Fómhair 2016;

(b) bainfidh siad le raon cumhachta nach raibh faoi réir cineálcheadaithe d'astaíochtaí truailleán ar leibhéal an Aontais ar an 5 Deireadh Fómhair 2016; nó

(c) úsáidfear iad, nó beidh sé ceaptha iad a úsáid i bhfeidhmiú nach raibh faoi réir cineálcheadaithe a bhain le hastaíochtaí truailleán ar leibhéal an Aontais ar an 5 Deireadh Fómhair 2016.

7. Beidh an tréimhse chun innill idirthréimhseacha a chur ar an margadh teoranta do:

(a) 24 mhí ón dáta infheidhme chun innill a chur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn III, sa chás a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 5;

(b) 36 mhí ón dáta infheidhme chun innill a chur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn III, sa chás a leagtar amach sa dara agus sa tríú fomhír de mhír 5;

(c) 48 mí ón dáta infheidhme chun innill a chur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn III, sa chás a leagtar amach sa cheathrú fomhír de mhír 5;

8. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonfaidh innill idirthréimhseacha a chuirfear ar an margadh le linn na hidirthréimhse an mharcáil dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 32(2).

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras "rothstoc — innill traenach agus rothstoc paisinéirí" chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 228).

9. D'ainneoin Airteagal 5(3), Airteagal 18(2) agus Airteagal 22, ar feadh tréimhse nach faide ná an 17 Meán Fómhair 2026, féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt chun innill de chatagóir RLL a chur ar an margadh ag a bhfuil glanchumhacht uasta atá níos mó ná 2 000 kW agus nach gcomhlíonann na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a bheidh le suiteáil in innill féinghluaiste nach dtéann ach ar ghréasán iarnróid 1 520 mm atá iargúlta go teicniúil. Le linn na tréimhse sin mar íosthréimhse, comhlíonfaidh na hinnill sin a chuirfear ar an margadh na teorainneacha astaíochtaí ar ghá d'innill a chomhlíonadh chun go gcuirtí ar an margadh iad an 31 Nollaig 2011. Deonóidh údaráis cheadúcháin na mBallstát cineálcheadú AE agus údaróidh siad innill den sórt sin a chur ar an margadh.

10. D'ainneoin Airteagal 5(3) agus Airteagal 18(2), údaróidh na Ballstáit innill athsholáthair a chur ar an margadh, go ceann tréimhse nach faide ná 15 bliana, amhail ó na dátaí is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn III maidir le hinnill Chéim V a chur ar an margadh, ar an gcoinníoll go bhfuil na hinnill i gcatagóir atá coibhéiseach le NRS agus go bhfuil cumhacht tagartha nach lú ná 19 kW acu nó ar an gcoinníoll go bhfuil siad i gcatagóir atá coibhéiseach le NRG, i gcás ina bhfuil an t-inneall athsholáthair agus an t-inneall bunaidh i gcatagóir innill agus i raon cumhachta nach raibh faoi réir cineálcheadú ar leibhéal an Aontais ar an 31 Nollaig 2016.

11. D'ainneoin Airteagal 5(3) agus Airteagal 18(2), údaróidh na Ballstáit innill athsholáthair a chur ar an margadh, go ceann tréimhse nach faide ná 20 bliain, amhail ó na dátaí is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn III maidir le hinnill Chéim V a chur ar an margadh, ar an gcoinníoll go bhfuil na hinnill:

(a) i gcatagóir NRE agus go bhfuil cumhacht tagartha nach lú ná 19 kW agus nach mó ná 560 kW acu agus ar an gcoinníoll go bhfuil siad i gcomhréir le céim astaíochtaí a chuaigh in éag tráth nach déanaí ná 20 bliain sular cuireadh na hinnill sin ar an margadh agus atá ar a laghad chomh dian céanna leis na teorainneacha astaíochtaí a raibh ar an inneall atá le hionadú a chomhlíonadh tráth a cuireadh ar an margadh den chéad uair é;

(b) i gcatagóir atá coibhéiseach le NRE agus go bhfuil cumhacht tagartha atá níos mó ná 560 kW acu, i gcás ina bhfuil an t-inneall athsholáthair agus an t-inneall bunaidh i gcatagóir innill nó i raon cumhachta nach raibh faoi réir cineálcheadú ar leibhéal an Aontais ar an 31 Nollaig 2016;

12. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná an 17 Meán Fómhair 2016, i ndáil le hinnill atá suiteáilte in innealra buainte cadáis.

13. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonfaidh innill athsholáthair an mharcáil dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 32(2).

*Airteagal 59*

**Tuarascáil**

1. Faoin 31 Nollaig 2021, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi fheidhmiú nósanna imeachta an chineálcheadaithe AE a leagtar síos sa Rialachán seo.

2. Faoin 31 Nollaig 2022, ar bhonn na faisnéise a chuirfear ar fáil faoi mhí 1, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fheidhmiú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

*Airteagal 60*

**Athbhreithniú**

1. Faoin 31 Nollaig 2018, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an measúnú ar an bhféidearthacht bearta comhchuibhithe a leagan síos maidir le suiteáil gléasraí rialaithe astaíochta iarfheistithe ar innill in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a cuireadh ar mhargadh an Aontais cheana féin. Tabharfaidh an tuarascáil sin aghaidh ar bhearta teicniúla agus scéimeanna dreasachta airgeadais, mar mhodh chun cuidiú leis na Ballstáit reachtaíocht an Aontais maidir le cáilíocht aeir a chomhlíonadh trí mheasúnú a dhéanamh ar ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann i gcoinne thruailliú an aeir i limistéir a bhfuil daonra mór iontu, agus aird chuí á tabhairt ar rialacha an Aontais maidir le státchabhair.

2. Faoin 31 Nollaig 2020, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) measúnú ar an gcumas astaíochtaí truailleán a laghdú tuilleadh, ar bhonn na dteicneolaíochtaí atá ar fáil agus anailís costais is tairbhe.

Go háirithe, d'innill de chatagóir IWP agus IWA, an measúnú ar a indéanta atá sé, ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de, an méid seo a leanas a laghdú tuilleadh:

(i) an teorainnluach astaíochtaí d'astaíochtaí PN agus $NO_x$, a laghdú tuilleadh;

(ii) an fachtóir A d'innill a fheidhmíonn go hiomlán nó go páirteach le breosla gásach i gcreat oibríocht a bheadh neodrach ó thaobh díobháil aeráide de i gcomparáid le hinnill a fheidhmíonn le díosal mar bhreosla iontu a laghdú tuilleadh; agus

(iii) teorainnluachanna PN a d'fhéadfadh a chur leis na catagóirí innill sin nach bhfuil luachanna den sórt sin leagtha amach ina leith in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

